AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022
(OR. en)

2020/0267 (COD)
LEX 2160

PE-CONS 88/2/21
REV 2

EF 401
ECOFIN 1267
CODEC 1677

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CÓRAS PÍOLÓTACH LE hAGHAIDH BONNEAGAIR MHARGAIDH ATÁ BUNAITHE AR THEICNEOLAÍOCHT MÓRLEABHAR DÁILTE, AGUS LENA LEASAÍTEAR RIALACHÁIN (AE) UIMH. 600/2014 AGUS (AE) UIMH. 909/2014 AGUS TREOIR 2014/65/AE

**RIALACHÁN (AE) 2022/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 30 Bealtaine 2022**

**maidir le córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 909/2014 agus Treoir 2014/65/AE**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

[1] IO C 244, 22.6.2021, lch. 4.
[2] IO C 155, 30.4.2021, lch. 31.
[3] Seasamh Pharlaimint na hEorpa an 24 Márta 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 12 Aibreán 2022.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is den tábhacht a áirithiú go mbeidh reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais oiriúnach don ré dhigiteach agus go rannchuideofar léi le geilleagar a sheasfaidh an aimsir agus a oibreoidh do shaoránaigh, lena n-áirítear trí úsáid teicneolaíochtaí nuálacha a chumasú. Tá leas beartais ag an Aontas glacadh teicneolaíochtaí claochlaitheacha san earnáil airgeadais, lena n-áirítear glacadh teicneolaíochta mórleabhar dáilte (DLT) a scrúdú, a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá criptea-shócmhainní ar cheann de phríomhfheidhmeanna na teicneolaíochta mórleabhar dáilte in earnáil an airgeadais.

(2) Ní thagann formhór na gcriptea-shócmhainní faoi raon feidhme reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais agus is cúis iad le dúshláin, i measc nithe eile, i dtaca le cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh, tomhaltas fuinnimh agus cobhsaíocht airgeadais. Dá bhrí sin, tá gá le creat rialála tiomnaithe ar leibhéal an Aontais i leith na gcriptea-shócmhainní sin. Os a choinne sin, tá criptea-shócmhainní eile incháilithe mar ionstraimí airgeadais de réir bhrí Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. A mhéid atá criptea-shócmhainní incháilithe mar ionstraimí airgeadais faoin Treoir sin, d'fhéadfadh tacar iomlán de reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear Rialacháin (AE) Uimh. 236/2012[2], (AE) Uimh. 596/2014[3], (AE) Uimh. 909/2014[4] agus (AE) 2017/1129[5] agus Treoracha 98/26/CE[6] agus 2013/50/AE[7] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bheith infheidhme maidir le heisitheoirí na gcriptea-

---

[1] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 maidir le díol folamh agus gnéithe áirithe de bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa (IO L 86, 24.3.2012, lch. 1).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1).

[4] Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1).

[5] Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12).

[6] Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45).

[7] Treoir 2013/50/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialaithe, Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a bheidh urrúis á dtairscint don phobal nó nuair a ligfear isteach iad chun a dtrádála agus Treoir 2007/14/CE ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe ó Threoir 2004/109/CE (IO L 294, 6.11.2013, lch. 13).

sócmhainní sin agus maidir le gnólachtaí a dhéanann gníomhaíochtaí a bhaineann le criptea-shócmhainní den sórt sin.

(3) 'Ceadchomharthú' ionstraimí airgeadais, mar a thugtar air, is é sin an léiriú digiteach ar ionstraimí airgeadais maidir le mórleabhair dháilte nó eisiúint aicmí sócmhainní traidisiúnta i bhfoirm ceadchomharthaithe chun gur féidir iad a eisiúint, a stóráil agus a aistriú ar mhórleabhar dáilte, meastar go gcruthófar leis sin deiseanna chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht sa phróiseas trádála agus iarthrádála. Ós rud é, áfach, go bhfuil comhbhabhtálacha bunúsacha lena mbaineann riosca creidmheasa agus leachtacht fós ann i ndomhan ceadchomharthaithe, beidh rath na gcóras ceadchomharthaithe ag brath ar a fheabhas a bhíonn siad ag idirghníomhú le córais chuntasbhunaithe thraidisiúnta, ar a laghad san idirthréimhse.

(4) Níor ceapadh reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais le haghaidh teicneolaíocht mórleabhar dáilte agus criptea-shócmhainní, agus tá forálacha inti a d'fhéadfadh cosc a chur ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte nó srian a chur léi i ndáil le criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais a eisiúint, a thrádáil agus a shocrú. Faoi láthair, níl bonneagar margaidh airgeadais údaraithe ann ach oiread a bhaineann úsáid as teicneolaíocht mórleabhar dáilte chun seirbhísí trádála nó socraíochta, nó teaglaim de sheirbhísí den sórt sin, a sholáthar le haghaidh criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. D'fhéadfadh forbairt margaidh thánaistigh le haghaidh na gcriptea-shócmhainní sin a fhágáil go mbeadh tairbhí iomadúla ann, amhail éifeachtúlacht, trédhearcacht agus iomaíocht níos fearr i ndáil le gníomhaíochtaí trádála agus socraíochta.

(5) An tráth céanna, is ann do bhearnaí rialála i ngeall ar shainiúlachtaí dlíthiúla, teicniúla agus oibríochtúla a bhaineann le húsáid teicneolaíochta mórleabhar dáilte agus le criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. Mar shampla, níl aon cheanglais trédhearcachta, iontaofachta ná sábháilteachta forchurtha ar na prótacail agus ar na 'conarthaí cliste' a chuireann taca faoi chriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. D'fhéadfadh cineálacha nua riosca nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na rialacha atá ann faoi láthair a bheith ag baint leis an mbunteicneolaíocht. Forbraíodh roinnt tionscadal maidir le trádáil criptea-sócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais agus seirbhísí agus gníomhaíochtaí iarthrádála gaolmhara san Aontas, ach is beag tionscadal atá i bhfeidhm cheana féin, agus is scála teoranta atá ag baint leo siúd atá i bhfeidhm. Thairis sin, mar a léirigh Grúpa Comhairleach an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) maidir le Bonneagair Mhargaidh le haghaidh Urrús agus Comhthaobhachta agus a Ghrúpa Comhairleach maidir le Bonneagair Mhargaidh le haghaidh Íocaíochtaí, d'fhágfadh úsáid teicneolaíochta mórleabhar dáilte go mbeadh dúshláin ann a bheadh comhchosúil leis na dúshláin sin a bhíonn roimh ghnáth-theicneolaíocht, amhail deacrachtaí maidir le hilroinnt agus idir-inoibritheacht, agus go bhféadfadh saincheisteanna nua a bheith ann freisin, mar shampla maidir le bailíocht dhlíthiúil ceadchomharthaí. I bhfianaise na taithí teoranta maidir le trádáil criptea-sócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais agus seirbhísí agus gníomhaíochtaí iarthrádála gaolmhara, tá sé róluath faoi láthair reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a mhodhnú go suntasach chun go mbeifear in ann na criptea-shócmhainní sin agus a mbunteicneolaíocht a úsáid ina n-iomláine. An tráth céanna, tá ceanglais leabaithe i reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais nach n-oireann go hiomlán do chriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais nó le haghaidh úsáid teicneolaíochta mórleabhar dáilte, ceanglais atá ag cur srian faoi láthair ar bhonneagar margaidh airgeadais le haghaidh criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. Mar shampla, de ghnáth le hardáin chun criptea-shócmhainní a thrádáil, tugtar rochtain dhíreach d'infheisteoirí miondíola, ach de ghnáth le hionaid trádála traidisiúnta, ní thugtar rochtain d'infheisteoirí miondíola ach amháin trí idirghabhálaithe airgeadais.

(6) Chun go mbeifear in ann criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais a fhorbairt, agus ardleibhéal cosanta infheisteoirí, sláine an mhargaidh, cobhsaíochta airgeadais agus trédhearcachta á gcaomhnú, agus arbatráiste rialála agus lúba ar lár á seachaint, bheadh sé úsáideach córas píolótach a chruthú maidir le bonneagair mhargaidh bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte chun bonneagair margaidh DLT den sórt sin a thástáil ('an córas píolótach'). Leis an gcóras píolótach, ba cheart go bhféadfaí bonneagar áirithe margaidh DLT a dhíolmhú go sealadach ó roinnt de na ceanglais shonracha de chuid reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais lena bhféadfaí, ar shlí eile, cosc a chur ar oibreoirí réitigh a fhorbairt le haghaidh trádáil agus socrú idirbheart i gcriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais, gan aon cheanglais nó coimircí atá ann cheana arna gcur i bhfeidhm maidir le bonneagair mhargaidh thraidisiúnta a lagú. Ba cheart coimircí leormhaithe a bheith i bhfeidhm ag bonneagair margaidh DLT agus a n-oibreoirí maidir le húsáid teicneolaíochta mórleabhar dáilte chun cosaint éifeachtach infheisteoirí a áirithiú, lena n-áirítear slabhraí dliteanais i leith na gcliant, ar slabhraí iad atá sainithe go soiléir, as aon chaillteanais de dheasca teipeanna oibríochtúla. Ba cheart go gcuirfeadh an córas píolótach ar chumas an Údaráis Maoirseachta Eorpaigh (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) arna bhunú ag Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (ESMA) agus ar chumas na n-údarás inniúil ceachtanna a fhoghlaim ón gcóras píolótach agus taithí a fháil ar na deiseanna agus rioscaí sonracha a bhaineann le criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais, agus lena mbunteicneolaíochtaí. Leis an taithí arna fáil ón gcóras píolótach, ba cheart cabhrú le tograí praiticiúla a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le creat rialála oiriúnach chun coigeartuithe spriocdhírithe a dhéanamh ar dhlí an Aontais a mhéid a bhaineann le heisiúint, slánchoinneáil agus seirbhísiú sócmhainní, trádáil agus socrú ionstraimí airgeadais DLT.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(7) Chun cuspóirí an chórais phíolótaigh a bhaint amach, ba cheart stádas nua de chuid an Aontais a chruthú i ndáil le bonneagar margaidh DLT chun a áirithiú go mbeidh an tAontas in ann ról lárnach a bheith aige maidir le hionstraimí airgeadais i bhfoirm ceadchomharthaithe agus rannchuidiú le forbairt margaidh thánaistigh i gcomhair na sócmhainní sin. Ba cheart an stádas maidir le bonneagar margaidh DLT a bheith roghnach agus níor cheart go gcuirfeadh sé cosc ar bhonneagair an mhargaidh airgeadais, amhail ionaid trádála, taisclanna lárnacha urrús (CSDanna), agus contrapháirtithe lárnacha (CPLanna), seirbhísí agus gníomhaíochtaí trádála agus iarthrádála a fhorbairt le haghaidh criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais, nó atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte, faoi reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais atá ann faoi láthair.

(8) Níor cheart do bhonneagair margaidh DLT ach ionstraimí airgeadais DLT a ligean isteach chun a dtrádála nó chun a dtaifeadta ar mhórleabhar dáilte. Ba cheart ionstraimí airgeadais DLT a bheith ina gcriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais agus a eisítear, a aistrítear agus a stóráiltear ar mhórleabhar dáilte.

(9) Tá sé beartaithe go mbeidh reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais neodrach a mhéid a bhaineann le húsáid aon teicneolaíocht ar leith thar theicneolaíocht eile. Dá bhrí sin, tá tagairtí do chineál sonrach teicneolaíochta mórleabhar dáilte le seachaint. Ba cheart d’oibreoirí bhonneagair mhargaidh DLT a áirithiú go bhfuil siad in ann na ceanglais uile is infheidhme a chomhlíonadh, gan beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear.

(10) Agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm ba cheart prionsabail na neodrachta teicneolaíochta, na comhréireachta, chothrom na Féinne, agus 'gníomhaíocht chéanna, rioscaí céanna, rialacha céanna' a chur san áireamh chun a áirithiú go mbeidh an spás rialála ag rannpháirtithe margaidh chun nuála agus chun seasamh le luachanna na trédhearcachta, na cothroime, na cobhsaíochta, na cosanta infheisteoirí, na cuntasachta agus na sláine margaidh, agus chun cosaint príobháideachais agus sonraí pearsanta a áirithiú mar a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(11) Níor cheart rochtain ar an gcóras píolótach a bheith teoranta do chomhpháirtithe atá ann faoi láthair, ba cheart rochtain a bheith ag iontrálaithe nua air freisin. D'fhéadfadh eintiteas nach bhfuil údaraithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ná faoi Threoir 2014/65/AE iarratas ar údarú a dhéanamh faoin Rialachán sin nó faoin Treoir sin, faoi seach, agus, ag an am céanna, ar chead sonrach faoin Rialachán seo. I gcásanna den sórt sin, níor cheart don údarás inniúil a mheas cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann eintiteas den sórt sin ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 nó Threoir 2014/65/AE ar ina leith a iarradh díolúine faoin Rialachán seo. Níor cheart na heintitis sin a bheith in ann bonneagair margaidh DLT a oibriú ach amháin i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus ba cheart a n-údarú a chúlghairm a luaithe a bheidh a gcead sonrach imithe in éag, ach amháin má chuireann na heintitis isteach iarraidh iomlán ar údarú faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 nó faoi Threoir 2014/65/AE.

(12) Le coincheap bhonneagair mhargaidh DLT, cuimsítear saoráidí trádála iltaobhacha DLT (MTF DLT), córais socraíochta DLT (SS DLT) agus córais trádála agus socraíochta DLT (TSS DLT). Ba cheart bonneagair margaidh DLT a bheith in ann comhoibriú le rannpháirtithe eile sa mhargadh chun tástáil a dhéanamh ar réitigh nuálacha atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte i gcodanna éagsúla de shlabhra luacha na seirbhísí airgeadais.

(13) Ba cheart saoráid trádála iltaobhach a bheith mar MTF DLT arna hoibriú ag gnólacht infheistíochta nó ag oibreoir margaidh a údaraítear faoi Threoir 2014/65/AE agus a bhfuil cead sonrach faighte aige faoin Rialachán seo. Níor cheart institiúid creidmheasa arna húdarú faoi Threoir 2013/36/AE lena soláthraítear seirbhísí infheistíochta nó lena ndéantar gníomhaíochtaí infheistíochta a bheith ceadaithe MTF DLT a oibriú ach amháin nuair atá an institiúid creidmheasa sin údaraithe mar ghnólacht infheistíochta nó mar oibreoir margaidh faoi Threoir 2014/65/AE. Ba cheart MTFanna DLT agus a n-oibreoirí a bheith faoi réir na gceanglas uile is infheidhme maidir le saoráidí trádála iltaobhacha agus a n-oibreoirí faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], faoi Threoir 2014/65/AE nó faoi aon reachtaíocht eile is infheidhme de chuid an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais, seachas ceanglais ar ina leith a bheidh díolúine deonaithe ag an údarás inniúil i gcomhréir leis an Rialachán seo.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

(14) Féadann úsáid na teicneolaíochta mórleabhar dáilte, lena dtaifeadtar na hidirbhearta uile ar mhórleabhar dáilte, trádáil agus socraíocht a bhrostú agus a chomhcheangail gar d'fhíor-am agus d'fhéadfadh sé a fhágáil go bhféadfaí seirbhísí agus gníomhaíochtaí trádála agus iarthrádála a chomhcheangail. Mar sin féin, ní bheartaítear sna rialacha atá ann faoi láthair teaglaim de ghníomhaíochtaí trádála agus iarthrádála laistigh d'aon eintiteas amháin, gan beann ar an teicneolaíocht arna húsáid, mar thoradh ar roghanna beartais a bhaineann le speisialtóireacht riosca agus díchuachadh chun críche iomaíocht a spreagadh. Níor cheart an córas píolótach a bheith ina fhasach chun údar a thabhairt le hathrú ó bhonn a dhéanamh ar scaradh gníomhaíochtaí trádála agus iarthrádála ná ar bhonneagair an mhargaidh airgeadais. Mar sin féin, i bhfianaise na dtairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le teicneolaíocht mórleabhar dáilte ó thaobh trádáil agus socraíocht a chomhcheangail, tá bonn cirt le foráil a dhéanamh do bhonneagar tiomnaithe margaidh DLT sa chóras píolótach, eadhon, TSS DLT, ina dteaglamaítear na gníomhaíochtaí a dhéanann saoráidí trádála iltaobhacha agus córais socraíochta de ghnáth.

(15) Ba cheart gurb éard a bheadh in TSS DLT ná MTF DLT ina gcomhcheanglaítear na seirbhísí arna ndéanamh ag MTF DLT agus arna ndéanamh ag SS DLT, agus ba cheart é a bheith á oibriú ag gnólacht infheistíochta nó ag oibreoir margaidh a bhfuil cead sonrach faighte aige TSS DLT a oibriú faoin Rialachán seo, nó ar cheart dó a bheith ina SS DLT ina gcomhcheanglaítear na seirbhísí arna ndéanamh ag MTF DLT agus arna ndéanamh ag SS DLT, agus ba cheart é a bheith á oibriú ag CSD a bhfuil cead sonrach faighte aige TSS DLT a oibriú faoin Rialachán seo. Níor cheart institiúid creidmheasa arna húdarú faoi Threoir 2013/36/AE lena soláthraítear seirbhísí infheistíochta nó lena ndéantar gníomhaíochtaí infheistíochta a bheith ceadaithe TSS DLT a oibriú ach amháin nuair atá an institiúid creidmheasa sin údaraithe mar ghnólacht infheistíochta nó mar oibreoir margaidh faoi Threoir 2014/65/AE. Ba cheart gnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a bhfuil TSS DLT á oibriú aige a bheith faoi réir na gceanglas uile a bhfuil feidhm acu maidir le MTF DLT, agus ba cheart CSD a bhfuil TSS DLT á oibriú aige a bheith faoi réir na gceanglas uile a bhfuil feidhm acu maidir le SS DLT. Ós rud é go gcuirfeadh TSS DLT ar chumas gnólachta infheistíochta nó oibreora margaidh seirbhísí socraíochta a sholáthar freisin, agus go gcuirfeadh sé ar chumas CSD seirbhísí trádála a sholáthar freisin, tá sé riachtanach go gcomhlíonfaidh na gnólachtaí infheistíochta nó na hoibreoirí margaidh na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le SS DLT, agus go gcomhlíonfadh CSDanna na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le MTF DLT. Ós rud é nach bhfuil CSDanna faoi réir ceanglais áirithe údarúcháin agus eagraíochtúla faoi Threoir 2014/65/AE agus seirbhísí nó gníomhaíochtaí infheistíochta á soláthar acu i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, is iomchuí cur chuige comhchosúil a ghlacadh sa chóras píolótach i dtaobh gnólachtaí infheistíochta agus oibreoirí margaidh agus i dtaobh CSDanna a bhfuil TSS DLT á oibriú acu. Dá bhrí sin, ba cheart gnólacht infheistíochta nó oibreoir margaidh a bhfuil TSS DLT á oibriú aige a dhíolmhú ó thacar teoranta ceanglas údarúcháin agus eagraíochtúil faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ós rud é go gceanglófar ar an ngnólacht infheistíochta nó ar an oibreoir margaidh na ceanglais údarúcháin agus eagraíochtúla faoi Threoir 2014/65/AE a chomhlíonadh. Os a choinne sin, ba cheart CSD a bhfuil TSS DLT á oibriú aige a dhíolmhú ó thacar teoranta ceanglas údarúcháin agus eagraíochtúil faoi Threoir 2014/65/AE, ós rud é go gceanglófar ar CSD na ceanglais údarúcháin agus eagraíochtúil faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a chomhlíonadh. Ba cheart gur díolúintí sealadacha a bheadh sna díolúintí sin agus níor cheart feidhm a bheith acu maidir le bonneagar margaidh DLT atá á oibriú lasmuigh den chóras píolótach. Ba

cheart ESMA a bheith in ann measúnú a dhéanamh ar chaighdeáin theicniúla maidir le rioscaí a bhaineann le coimeád taifead agus rioscaí oibriúcháin arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go comhréireach ar ghnólachtaí infheistíochta nó ar oibreoirí margaidh a bhfuil TSS DLT á oibriú acu.

(16) Ba cheart oibreoirí TSSanna DLT a bheith in ann na díolúintí céanna atá ar fáil d'oibreoirí MTFanna DLT agus SSanna DLT a iarraidh ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a ghabhann leis na díolúintí agus le haon bhearta cúiteacha arna gceangal ag na húdaráis inniúla. Maidir le breithnithe a bhfuil feidhm acu maidir le MTFanna DLT agus SSanna DLT, ba cheart go mbeadh feidhm ag breithnithe cosúil leis na cinn sin maidir le díolúintí atá ar fáil do TSSanna DLT, maidir le haon choinníollacha a ghabhann leis na díolúintí sin, agus maidir le haon bhearta cúiteacha.

(17) Chun foráil a dhéanamh do sholúbthacht bhreise i gcur i bhfeidhm ceanglas áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 maidir le gnólachtaí infheistíochta nó oibreoirí margaidh a bhfuil TSS DLT á oibriú acu agus ag an am céanna cothrom na Féinne a áirithiú ina soláthraíonn CSDanna seirbhísí socraíochta faoin gcóras píolótach, ba cheart díolúintí áirithe ó cheanglais an Rialacháin a mhéid a bhaineann le bearta chun teipeanna socraíochta a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu, ceanglais maidir le rannpháirtíocht, trédhearcacht, agus ó cheanglais maidir le nósanna imeachta cumarsáide áirithe a úsáid le rannpháirtithe agus bonneagair eile mhargaidh a bheith ar fáil do CSDanna a bhfuil SS DLT nó TSS DLT á oibriú acu, agus do ghnólachtaí infheistíochta nó oibreoirí ag a bhfuil TSS DLT á oibriú acu. Ba cheart na díolúintí sin a bheith faoi réir na gcoinníollacha a ghabhann leo, lena n-áirítear íoscheanglais áirithe, agus aon bhearta cúiteacha arna gceangal an údarás inniúil, chun cuspóirí fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a chomhlíonadh ar ina leith a iarrtar díolúine chun cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh nó cobhsaíocht airgeadais a choimirciú. Ba cheart d'oibreoir TSS DLT a léiriú go bhfuil an díolúine a iarradh comhréireach agus go bhfuil bonn cirt léi trí theicneolaíocht mórleabhar dáilte a úsáid.

(18) Ba cheart SS DLT a bheith ina chóras socraíochta arna oibriú ag CSD a údaraítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a bhfuil cead sonrach faighte aige faoin Rialachán seo SS DLT a oibriú. Ba cheart SS DLT, agus an CSD a oibríonn é, a bheith faoi réir gach ceanglas ábhartha faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, agus aon reachtaíocht eile is infheidhme de chuid an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais, seachas na ceanglais ar ina leith a tugadh díolúine i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(19) I gcás ina ndéanfaidh BCE agus bainc cheannais náisiúnta, nó institiúidí eile arna reáchtáil ag Ballstáit a bhfuil feidhmeanna comhchosúla á ndéanamh acu, nó comhlachtaí poiblí eile a bhfuil sé de chúram orthu bainistiú a dhéanamh ar an bhfiachas poiblí san Aontas, nó ról a bheith acu sa bhainistiú sin, SS DLT a oibriú, níor cheart a cheangal orthu cead sonrach a lorg ó údarás inniúil chun tairbhe a bhaint as díolúine faoin Rialachán seo, ós rud é nach gceanglaítear ar na heintitis sin tuairisciú do na húdaráis inniúla ná a gcuid treoracha a chomhlíonadh, agus go bhfuil siad faoi réir tacar teoranta ceanglas faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.

(20) Ba cheart cruthú an chórais phíolótaigh a bheith gan dochar do chúraimí agus freagrachtaí BCE agus na mbanc ceannais náisiúnta sa Chóras Eorpach Banc Ceannais, a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i bPrótacal Uimh. 4 a ghabhann le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, chun oibriú rianúil na gcóras íocaíochta a chur chun cinn agus chun córais imréitigh agus íocaíochta éifeachtúla agus fhónta a áirithiú laistigh den Aontas agus le tríú tíortha.

(21) Tá bonn cirt le sannadh na bhfreagrachtaí maoirseachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i ngeall ar shaintréithe agus rioscaí sonracha an chórais phíolótaigh. Dá bhrí sin, níor cheart an tuiscint a bhaint as go bhfuil fasach d'aon reachtaíocht de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo á bhunú le hollstruchtúr maoirseachta an chórais phíolótaigh.

(22) Ba cheart oibreoirí bhonneagair mhargaidh DLT a bheith faoi dhliteanas i gcás caillteanas cistí, comhthaobhachta nó ionstraim airgeadais DLT. Ba cheart dliteanas oibreoir bhonneagar margaidh DLT a theorannú do mhargadhluach na sócmhainne a chaillfear amhail ón tráth a tabhaíodh an caillteanas. Níor cheart oibreoir bhonneagar margaidh DLT a bheith faoi dhliteanas as teagmhais nach bhfuil inchurtha i leith an oibreora, go háirithe aon teagmhas a léiríonn an t-oibreoir gur tharla sé go neamhspleách ar a oibríochtaí, lena n-áirítear fadhbanna a eascraíonn as teagmhas seachtrach nach raibh faoina smacht réasúnach.

(23) Chun nuálaíocht agus tástáil a éascú i dtimpeallacht fhónta rialála agus cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais á gcaomhnú ag an am céanna, ba cheart cineálacha na hionstraime airgeadais a ligtear isteach chun a dtrádála ar bhonneagar margaidh DLT nó a thaifeadtar ar bhonneagar margaidh DLT a bheith teoranta do scaireanna, bannaí agus aonaid i ngnóthais chomhinfheistíochta a thairbhíonn den díolúine forghníomhaithe amháin faoi Threoir 2014/65/AE. Leis an Rialachán seo, ba cheart tairseacha a shocrú a d'fhéadfaí a laghdú i gcásanna áirithe. Go háirithe, chun aon riosca don chobhsaíocht airgeadais a sheachaint, ba cheart margadhluach comhiomlán ionstraimí airgeadais DLT a ligtear isteach chun a dtrádála ar bhonneagar margaidh DLT nó a thaifeadtar ar bhonneagar margaidh DLT a bheith teoranta.

(24) Chun go mbeifear níos gaire do chothroime iomaíochta a bhaint amach i gcás ionstraimí airgeadais a ligtear isteach chun a dtrádála ar ionaid trádála traidisiúnta de réir bhrí Threoir 2014/65/AE agus chun a áirithiú go mbeidh ardleibhéil cosanta infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíochta airgeadais ann, ba cheart ionstraimí airgeadais DLT a ligtear isteach chun a dtrádála ar MTF DLT nó ar TSS DLT a bheith faoi réir na bhforálacha lena dtoirmisctear drochúsáid margaidh i Rialachán (AE) Uimh. 596/2014.

(25) Arna iarraidh sin d'oibreoir MTF DLT, ba cheart a cheadú don údarás inniúil díolúine amháin nó roinnt díolúintí a dheonú ar bhonn sealadach, má chomhlíonann an t-oibreoir na coinníollacha a ghabhann leis na díolúintí sin agus aon cheanglais bhreise a leagtar síos leis an Rialachán seo chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha nua rioscaí a thagann chun cinn trí theicneolaíocht mórleabhair dáilte a úsáid. Ba cheart d'oibreoir MTF DLT aon bheart cúiteach arna gceangal ag an údarás inniúil a chomhlíonadh chun cuspóirí na forála ar ina leith a iarradh díolúine a chomhlíonadh, nó chun cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh nó cobhsaíocht airgeadais a choimirciú.

(26) Arna iarraidh sin d'oibreoir MTF DLT, ba cheart a cheadú don údarás inniúil díolúine a dheonú ó oibleagáid na hidirghabhála faoi Threoir 2014/65/AE. Faoi láthair, ní cheadaítear do shaoráidí trádála iltaobhacha traidisiúnta ach gnólachtaí infheistíochta, institiúidí creidmheasa agus daoine eile a bhfuil leibhéal leordhóthanach cumais trádála agus inniúlachta acu, agus a choinníonn socruithe agus acmhainní eagraíochtúla leormhaithe a ligean isteach mar chomhaltaí nó mar rannpháirtithe. Os a choinne sin, ar go leor ardáin chun criptea-shócmhainní a thrádáil, tá rochtain dí-idirghabhála ar fáil, agus cuireann siad rochtain dhíreach ar fáil d'infheisteoirí miondíola. Dá réir sin, d'fhéadfadh an oibleagáid idirghabhála faoi Threoir 2014/65/AE a bheith ina constaic rialála ar fhorbairt saoráidí trádála iltaobhacha le haghaidh ionstraimí airgeadais DLT. Arna iarraidh sin d'oibreoir MTF DLT, ba cheart, dá bhrí sin, a cheadú don údarás inniúil díolúine shealadach a dheonú ón oibleagáid idirghabhála sin, chun rochtain dhíreach a thabhairt d'infheisteoirí miondíola agus chun go mbeidh siad in ann déileáil ar a gcuntas féin, ar choinníoll go mbeadh coimircí leordhóthanacha maidir le cosaint infheisteoirí i bhfeidhm, ar choinníoll go gcomhlíonfadh na hinfheisteoirí miondíola den sórt sin coinníollacha áirithe agus go gcomhlíonfadh an t-oibreoir sin aon bhearta cosanta breise d'infheisteoirí a cheanglóidh an t-údaras inniúil. Maidir le hinfheisteoirí miondíola a bhfuil rochtain dhíreach acu ar MTF DLT mar chomhaltaí nó mar rannpháirtithe faoi dhíolúine ón oibleagáid idirghabhála, níor cheart iad a mheas mar ghnólachtaí infheistíochta de réir bhrí Threoir 2014/65/AE de bhua a bheith ina gcomhaltaí de MTF DLT nó ina rannpháirtithe, agus dá bhua sin amháin.

(27) Arna iarraidh sin d'oibreoirí MTF DLT, ba cheart a cheadú don údarás inniúla freisin díolúine a dheonú ó na ceanglais maidir le idirbheart a thuairisciú faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, ar choinníoll, le MTF DLT, go gcomhlíonfar coinníollacha áirithe.

(28) Chun bheith incháilithe do dhíolúine faoin Rialachán seo, ba cheart d'oibreoir MTF DLT a léiriú go bhfuil an díolúine iarrtha comhréireach agus teoranta d'úsáid teicneolaíochta mórleabhar dáilte faoi mar a thuairiscítear ina phlean gnó agus go bhfuil an díolúine iarrtha teoranta do MTF DLT agus nach bhfuil sí leathnaithe chuig aon saoráid trádála iltaobhach eile arna hoibriú ag an ngnólacht infheistíochta céanna nó ag an oibreoir margaidh céanna.

(29) Arna iarraidh sin do CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aige, ba cheart na húdaráis inniúla a bheith in ann díolúine amháin nó níos mó a dheonú ar bhonn sealadach, má chomhlíonann sé na coinníollacha a ghabhann leis na díolúintí sin agus aon cheanglais bhreise a shocraítear leis an Rialachán seo chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha nua rioscaí a thagann chun cinn trí theicneolaíocht mórleabhar dáilte a úsáid. Ba cheart do CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aige aon bheart cúiteach arna gceangal ag an údarás inniúil a chomhlíonadh chun cuspóirí na forála ar ina leith a iarradh an díolúine a chomhlíonadh, nó chun cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh nó cobhsaíocht airgeadais a choimirciú.

(30) Ba cheart é a bheith ceadaithe CSDanna a bhfuil SS DLT á oibriú acu a dhíolmhú ó fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ar dócha go gcruthófar leo constaicí rialála maidir le SSanna DLT a fhorbairt. Mar shampla, ba cheart díolúintí a bheith féideartha a mhéid nach mbeidh feidhm ag rialacha an Rialacháin sin is infheidhme maidir le CSDanna agus lena dtagraítear do na téarmaí 'foirm dhí-ábharaithe', 'cuntas urrús', nó 'orduithe aistrithe', nach mbeidh feidhm ag na rialacha sin maidir le CSDanna a bhfuil SS DLT á oibriú acu, cé is moite de na ceanglais le haghaidh naisc CSD, ar cheart feidhm a bheith acu *mutatis mutandis*. I ndáil leis an téarma 'cuntas urrús', chumhdófaí leis an ndíolúine na rialacha maidir le hurrúis a thaifeadadh, sláine eisiúna agus leithscaradh cuntas. Cé go n-oibríonn CSDanna córais socraíochta urrús trí chuntais urrús a rannpháirtithe a chreidiúnú agus a chur chun dochair, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cuntais urrús indéanta i gcónaí maidir le leabharchoimeád iontrála dúbailte nó il-iontrála. Dá bhrí sin, ba cheart díolúine a bheith féideartha maidir le CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aige ó na rialacha i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 lena dtagraítear don téarma 'foirm cuntais reatha' i gcás ina mbíonn gá le díolúine den sórt sin chun go bhféadfar ionstraimí airgeadais DLT a thaifeadadh ar mhórleabhar dáilte. Fós féin, áfach, ba cheart CSD a bhfuil SS DTL á oibriú aige sláine eisiúint ionstraimí airgeadais DLT ar an mórleabhar dáilte agus leithscaradh ionstraimí airgeadais DLT ar de na rannpháirtithe éagsúla iad a áirithiú.

(31) Ba cheart go leanfadh CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aige de bheith faoi réir fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 i gcónaí, ar dá bhun a leanann CSD a sheachfhoinsíonn seirbhísí nó gníomhaíochtaí chuig tríú páirtí de bheith freagrach go hiomlán as a oibleagáidí uile faoin Rialachán sin a chomhlíonadh agus a cheanglaítear air a áirithiú nach mbeidh aon seachfhoinsiú ina chúis leis an bhfreagracht atá air a tharmligean. Le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ní cheadófar do CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aige seirbhís lárnach nó gníomhaíocht lárnach a sheachfhoinsiú ach tar éis dó údarú a fháil ón údarás inniúil. Dá bhrí sin, ba cheart CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aige a bheith in ann díolúine ón gceanglas údarúcháin sin a iarraidh i gcás ina léiríonn an CSD go bhfuil an ceanglas ar neamhréir le húsáid na teicneolaíochta mórleabhar dáilte mar a bheartaítear ina phlean gnó. Maidir le tarmligean cúraimí a bhaineann le feidhmiú SS DLT, nó le teicneolaíocht mórleabhar dáilte a úsáid, chun socraíocht a dhéanamh, níor cheart a mheas gur seachfhoinsiú é de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.

(32) An oibleagáid maidir le hidirghabháil trí institiúid creidmheasa nó gnólacht infheistíochta d'fhonn cosc a chur ar infheisteoirí miondíola rochtain dhíreach a fháil ar na córais socraíochta agus seachadta arna n-oibriú ag CSD, d'fhéadfadh sé constaic rialála a chruthú maidir le samhlacha malartacha socraíochta a fhorbairt bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte lena gcumasaítear rochtain dhíreach d'infheisteoirí mhiondíola. Dá bhrí sin, ba cheart díolúine a cheadú do CSDanna a bhfuil SS DLT á oibriú acu sa mhéid lena meastar go n-áirítear leis an téarma 'rannpháirtí' i dTreoir 98/26/CE, faoi choinníollacha áirithe, daoine seachas iad siúd dá dtagraítear sa Treoir sin. Agus díolúine ón oibleagáid idirghabhála faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 á hiarraidh ag CSD, ba cheart don CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aige a áirithiú go gcomhlíonann na daoine a ligfear isteach mar rannpháirtithe coinníollacha áirithe. Ba cheart do CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aige a áirithiú go bhfuil leibhéal leordhóthanach cumais, inniúlachta, taithí agus eolais ag a rannpháirtithe maidir le gníomhaíochtaí iarthrádála agus le feidhmiú na teicneolaíochta mórleabhar dáilte.

(33) Eintitis atá incháilithe chun bheith rannpháirteach in CSD faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, comhfhreagraíonn siad do na heintitis atá incháilithe chun bheith rannpháirteach i gcóras socraíochta urrús a ainmnítear agus a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir le Treoir 98/26/CE, toisc go gceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 córais socraíochta urrús arna n-oibriú ag CSDanna a ainmneofar agus a thabharfar fógra ina leith faoi Threoir 98/26/CE. Dá réir sin, oibreoir córais socraíochta urrús atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte a iarrann díolúine a fháil ó na ceanglais rannpháirtíochta i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ní bheadh ceanglais rannpháirtíochta Threoir 98/26/CE á gcomhlíonadh aige mar thoradh air sin. Dá réir sin, ní fhéadfar an córas socraíochta urrús sin a ainmniú nó fógra a thabhairt ina leith faoin Treoir sin agus ar an gcúis sin ní 'córas socraíochta urrús DLT' a ghairtear de sa Rialachán ach is SS DLT a ghairtear de. Sa Rialachán seo ba cheart CSD a cheadú SS DLT a oibriú nach bhfuil incháilithe mar chóras socraíochta urrús arna ainmniú faoi Threoir 98/26/CE, agus ba cheart díolúine ó rialacha maidir le críochnaitheacht socraíochta i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a bheith ar fáil, faoi réir bearta cúiteacha áirithe, lena n-áirítear bearta sonracha cúiteacha chun na rioscaí a eascraíonn as dócmhainneacht a mhaolú, toisc nach bhfuil feidhm ag bearta cosanta dócmhainneachta faoi Threoir 98/26/CE. Le díolúine den sórt sin, áfach, ní chuirfí cosc ar ainmniú SS DLT a chomhlíonann ceanglais uile Threoir 98/26/CE mar chóras socraíochta urrús i gcomhréir leis an Treoir sin, ná ar fhógra a thabhairt ina leith.

(34) I Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 spreagtar socrú idirbheart in airgead bainc ceannais. I gcás nach bhfuil socraíocht íocaíochtaí in airgead tirim le hairgead bainc ceannais praiticiúil nó nach bhfuil sé ar fáil, ba cheart go bhféadfaí socraíocht a dhéanamh trí chuntais an CSD féin i gcomhréir leis an Rialachán sin nó trí chuntais a osclófar le hinstitiúid creidmheasa ('airgead bainc tráchtála'). D'fhéadfadh an fhoráil sin a bheith deacair a chur i bhfeidhm i gcás CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aige, toisc go mbeadh ar an CSD gluaiseachtaí i gcuntais airgid a chur i gcrích i gcuntais airgid thirim an tráth céanna a dhéantar urrúis a sheachadadh a thaifeadtar ar an mórleabhar dáilte. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag CSDanna a bhfuil SS DLT á oibriú acu díolúine a fháil ó fhoráil an Rialacháin sin maidir le socraíochtaí airgid thirim chun réitigh nuálacha a fhorbairt faoin gcóras píolótach trí rochtain ar airgead bainc tráchtála a éascú, nó trí 'ceadchomharthaí ríomhairgid' a úsáid. D'fhéadfaí a mheas nach bhfuil socraíocht in airgead bainc ceannais praiticiúil nó nach bhfuil sé ar fáil mura bhfuil socraíocht in airgead bainc ceannais ar mhórleabhar dáilte ar fáil.

(35) Seachas na ceanglais a cruthaíodh a bheith neamhphraiticiúil i dtimpeallacht teicneolaíochta mórleabhar dáilte, leanfaidh na ceanglais a bhaineann le socraíocht airgid faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 d'fheidhm a bheith acu lasmuigh den chóras píolótach. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoirí an bhonneagair margaidh DLT cur síos ina bpleananna gnó ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe acu Teideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a chomhlíonadh i gcás ina bhfágfaidh siad an córas píolóta.

(36) Le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ceanglaítear go dtabharfaidh CSD rochtain do CSD eile, nó do bhonneagair mhargaidh eile, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach. D'fhéadfadh rochtain a thabhairt do CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aige a bheith níos dúshlánaí go teicniúil, d'fhéadfadh ualach trom a bheith ag baint léi, nó d'fhéadfadh sé a bheith deacair í a bhaint amach, toisc nach bhfuil tástáil déanta go fóill ar idir-inoibritheacht na gcóras leagáide le teicneolaíocht mórleabhar dáilte. Ba cheart é a bheith indéanta, dá bhrí sin, díolúine ón gceanglas sin a dheonú do SS DLT má léirítear leis go bhfuil cur i bhfeidhm an cheanglais neamhréireach le scála ghníomhaíochtaí SS DLT.

(37) Gan beann ar an gceanglas ar ina leith a iarradh díolúine, ba cheart do CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aige a léiriú go bhfuil an díolúine a iarradh comhréireach agus go bhfuil bonn cirt léi trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte. Ba cheart an díolúine a bheith teoranta do SS DLT agus níor cheart córais socraíochta eile arna n-oibriú ag an CSD céanna a chumhdach léi.

(38) Ba cheart bonneagair margaidh DLT agus a n-oibreoirí a bheith faoi réir níos mó ceanglais bhreise i gcomparáid le bonneagair thraidisiúnta mhargaidh. Tá gá leis na ceanglais bhreise chun rioscaí a bhaineann le húsáid teicneolaíochta mórleabhar dáilte nó leis an mbealach a n-oibreodh bonneagar margaidh DLT a sheachaint. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoir bhonneagar margaidh DLT plean gnó soiléir a bhunú ina mbeadh sonraí faoin gcaoi a n-úsáidfí teicneolaíocht mórleabhar dáilte agus faoi na téarmaí dlíthiúla is infheidhme.

(39) Oibreoirí na mbonneagar margaidh DLT, ba cheart dóibh, de réir mar is iomchuí, rialacha maidir le feidhmiú teicneolaíochta mórleabhar dáilte a bhfuil á oibriú acu a bhunú nó a dhoiciméadú, lena n-áirítear rialacha maidir le rochtain ar an mórleabhar dáilte agus maidir le ligean isteach chun trádála air, rialacha maidir le rannpháirtíocht na nód bailíochtaithe agus rialacha chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, mar aon le bearta bainistithe riosca.

(40) Ba cheart ceangal a bheith ar oibreoir bhonneagair margaidh DLT faisnéis a thabhairt do chomhaltaí, rannpháirtithe, eisitheoirí agus cliaint faoin gcaoi a bhfuil sé beartaithe aige a chuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích agus faoin gcaoi a ndialltar, trí leas a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte, ón mbealach a gcuireann saoráid trádála iltaobhach thraidisiúnta nó CSD a bhfuil córas socraíochta urrús á oibriú aige seirbhísí ar fáil de ghnáth.

(41) Ba cheart socruithe teicneolaíochta faisnéise agus cibearshocruithe sonracha agus láidre a bheith ag bonneagair mhargaidh DLT a bhaineann le teicneolaíocht mórleabhar dáilte a úsáid. Ba cheart na socruithe sin a bheith i gcomhréir le cineál, scála agus castacht phlean gnó oibreoir an bhonneagair margaidh DLT. Leis na socruithe sin ba cheart go n-áiritheofaí leanúnachas agus trédhearcacht, infhaighteacht, iontaofacht agus slándáil leanúnach na seirbhísí a sholáthraítear, lena n-áirítear iontaofacht aon chonarthaí cliste a úsáidtear, is cuma cibé acu a chruthaíonn an bonneagar margaidh DLT féin nó tríú páirtí na conarthaí cliste sin tar éis nósanna imeachta seachfhoinsiúcháin. Le bonneagair margaidh DLT ba cheart sláine, slándáil, rúndacht, infhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí a stóráiltear ar mhórleabhar dáilte a áirithiú freisin. Ba cheart cead a bheith ag údarás inniúil maidir le bonneagar margaidh DLT iniúchadh a cheangal chun a áirithiú go bhfuil socruithe teicneolaíochta faisnéise agus cibearshocruithe foriomlána an bhonneagair margaidh DLT oiriúnach dá bhfeidhm. Ba cheart d'oibreoir an bhonneagair margaidh DLT íoc as na costais a bhaineann leis an iniúchadh.

(42) I gcás ina mbíonn slánchoinneáil cistí cliant, mar atá airgead tirim nó coibhéisí airgid, nó ionstraimí airgeadais DLT, nó modhanna rochtana ar na hionstraimí airgeadais DLT sin, lena n-áirítear i bhfoirm eochracha cripteagrafacha, mar chuid de phlean gnó oibreoir bhonneagar margaidh DLT, ba cheart socruithe leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm ag bonneagar margaidh DLT chun na sócmhainní sin a chosaint. Níor cheart d’oibreoirí na mbonneagar margaidh DLT sócmhainní cliant a úsáid ar chuntais na n-oibreoirí féin, ach amháin le toiliú sainráite i scríbhinn roimh ré óna gcliaint. Ba cheart do bhonneagair margaidh DLT cistí cliant agus ionstraimí airgeadais DLT, agus na modhanna rochtana ar na sócmhainní sin, a leithscaradh óna sócmhainní féin nó ó shócmhainní cliant eile. Ba cheart go n-áiritheofaí le socruithe teicneolaíochta faisnéise agus cibearshocruithe foriomlána an bhonneagair margaidh DLT go gcosnaítear sócmhainní cliant ar chalaois, ar chibirionsaithe agus ar mhífheidhmeanna tromchúiseacha eile.

(43) Tráth a thugtar cead sonrach, ba cheart straitéis scoir inchreidte a bheith i bhfeidhm ag bonneagair margaidh DLT i gcás ina gcuirfear deireadh leis an gcóras píolótach, nó ina dtarraingeofar siar an cead sonrach nó cuid de na díolúintí a tugadh, nó ina sárófar na tairseacha a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart a áirithiú sa straitéis sin aistriú a n-oibríochtaí teicneolaíochta mórleabhar dáilte chuig bonneagair thraidisiúnta mhargaidh nó filleadh a n-oibríochtaí teicneolaíochta mórleabhar dáilte ar bhonneagair thraidisiúnta mhargaidh. Chun na críche sin, ba cheart d'iontrálaithe nua nó d'oibreoirí de chuid TSS DLT nach bhfuil bonneagar margaidh traidisiúnta á oibriú acu a bhféadfaidís ionstraimí airgeadais DLT a aistriú chuige socruithe a chur i gcrích le hoibreoirí na mbonneagar margaidh traidisiúnta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin maidir le hionstraimí airgeadais DLT a thaifeadadh. Dá bhrí sin, ba cheart CSDanna a bheith faoi réir ceanglais áirithe chun socruithe den sórt sin a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, ba cheart do CSDanna na socruithe sin a chur i gcrích ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus ba cheart dóibh a bheith in ann táille tráchtála réasúnta a ghearradh bunaithe ar chostais iarbhír.

(44) Ba cheart an cead sonrach a dheonaítear d’oibreoir bhonneagar margaidh DLT na nósanna imeachta céanna a leanúint, a bheag nó a mhór, agus a leantar sna nósanna imeachta maidir le húdarú faoin Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 nó Treoir 2014/65/AE. Mar sin féin, nuair a bheidh iarratas á dhéanamh ar chead sonrach faoin Rialachán seo, ba cheart don iarratasóir na díolúintí atá á iarraidh aige a shonrú. Sula dtabharfaidh sé cead sonrach do bhonneagar margaidh DLT, ba cheart don údarás inniúil an fhaisnéis ábhartha uile a chur ar fáil do ESMA. I gcás inar gá, ba cheart do ESMA tuairim neamhcheangailteach a eisiúint maidir leis na díolúintí a iarradh nó maidir le leordhóthanacht na teicneolaíochta mórleabhar dáilte chun críocha an Rialacháin seo. Níor cheart tuairim neamhcheangailteach den sórt sin a mheas mar thuairim de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010. Ba cheart do ESMA dul i gcomhairle le húdaráis inniúla Ballstát eile nuair a bheidh a thuairim á hullmhú aige. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag tuairim ESMA, tuairim neamhcheangailteach, cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Chun cothrom na Féinne agus iomaíocht chóir a áirithiú ar fud an mhargaidh aonair, ba cheart é a bheith mar aidhm ag tuairim neamhcheangailteach agus treoirlínte ESMA comhsheasmhacht agus comhréireacht na ndíolúintí arna ndeonú ag údaráis inniúla éagsúla san Aontas a áirithiú, lena n-áirítear nuair a dhéanfar meastóireacht ar leordhóthanacht na gcineálacha éagsúla teicneolaíochta mórleabhar dáilte a úsáideann oibreoirí chun críocha an Rialacháin seo.

(45) Is gníomhaíochtaí iad taifeadadh urrús, cothabháil cuntas urrús agus bainistiú córas socraíochta atá cumhdaithe ag forálacha neamh-chomhchuibhithe den dlí náisiúnta, amhail an dlí corparáideach agus dlí na n-urrús. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go gcomhlíonfaidh oibreoirí na mbonneagar margaidh DLT na rialacha uile is infheidhme agus go gcuirfidh siad ar chumas a n-úsáideoirí déanamh amhlaidh.

(46) An t-údarás inniúil a dhéanann scrúdú ar iarratas arna chur isteach ag oibreoir bhonneagar margaidh DLT ba cheart an fhéidearthacht a bheith aige diúltú cead sonrach a dheonú más rud é go bhfuil cúiseanna ann lena chreidiúint nach mbeadh bonneagar margaidh DLT in ann na forálacha is infheidhme a leagtar síos le dlí an Aontais nó le forálacha an dlí náisiúnta atá lasmuigh de raon feidhme dhlí an Aontais a chomhlíonadh, má tá cúiseanna ann lena chreidiúint gur baol é an bonneagar margaidh DLT do chosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh nó cobhsaíocht airgeadais, nó más iarracht é an t-iarratas teacht timpeall ar cheanglais atá ann cheana.

(47) Ba cheart a chur in iúl sa chead sonrach arna thabhairt ag údarás inniúil d’oibreoir bhonneagar margaidh DLT na díolúintí a deonaíodh don bhonneagar margaidh DLT sin. Ba cheart dó a bheith bailí ar fud an Aontais, agus níor cheart dó a bheith bailí ach ar feadh thréimhse an chórais phíolótaigh amháin. Ba cheart do ESMA liosta de bhonneagair margaidh DLT agus liosta de na díolúintí a deonaíodh do gach ceann acu a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.

(48) Ba cheart na ceadanna sonracha agus na díolúintí a thabhairt ar bhonn sealadach, ar feadh tréimhse suas le 6 bliana ón dáta a tugadh an cead sonrach agus níor cheart dóibh a bheith bailí ach ar feadh thréimhse an chórais phíolótaigh amháin. Leis an tréimhse 6 bliana sin thuasluaite, cuirtear a dhóthain ama ar fáil d'oibreoirí na mbonneagar margaidh DLT chun a samhlacha gnó a chur in oiriúint d'aon mhodhnuithe ar an gcóras píolótach agus chun bheith ag feidhmiú faoin gcóras píolótach ar bhealach atá inmharthana ó thaobh na tráchtála de. D'fhágfadh sin freisin go mbeadh ESMA agus an Coimisiún in ann tacar sonraí úsáideach a bhailiú maidir le feidhmiú an chórais phíolótaigh tar éis mais chriticiúil de cheadanna sonracha agus díolúintí lena mbaineann a dheonú agus go mbeidís in ann tuarascáil a thabhairt ina leith. Agus ar deireadh, thabharfadh sé am d'oibreoirí na mbonneagar margaidh DLT na bearta riachtanacha a dhéanamh chun scor dá n-oibríochtaí nó chun aistriú go creat rialála nua de réir thuarascálacha atá le heisiúint ag ESMA agus ag an gCoimisiún.

(49) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus do Threoir 2014/65/AE, ba cheart an chumhacht a bheith ag na húdaráis inniúla cead sonrach nó aon díolúintí a deonaíodh do bhonneagar margaidh DLT a tharraingt siar i gcás inar aimsíodh locht sa bhunteicneolaíocht nó sna seirbhísí agus sna gníomhaíochtaí arna soláthar ag oibreoir an bhonneagair margaidh DLT, i gcás inar mó an locht sin ná na buntáistí agus gníomhaíochtaí a sholáthraíonn an tseirbhís atá i gceist, nó i gcás inar sháraigh oibreoir an bhonneagair margaidh DLT aon oibleagáidí a ghabhann leis na ceadanna nó leis na díolúintí arna dtabhairt ag an údarás inniúil, nó i gcás ina bhfuil ionstraimí airgeadais taifeadta ag oibreoir an bhonneagair margaidh DLT ar ionstraimí iad a sháraíonn na tairseacha a leagtar amach sa Rialachán seo nó nach gcomhlíonann siad coinníollacha eile is infheidhme maidir le hionstraimí airgeadais DLT faoin Rialachán seo. Le linn a ghníomhaíochta, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag oibreoir bhonneagar margaidh DLT díolúintí breise a iarraidh de bhreis ar na díolúintí sin a iarradh tráth an iarratais tosaigh. Sa chás sin, ba cheart go n-iarrfaí na díolúintí breise ar an údarás inniúil, ar an mbealach céanna leis na díolúintí sin a iarradh an tráth a rinneadh an iarraidh tosaigh ar chead do bhonneagar margaidh DLT.

(50) Ós rud é, faoin gcóras píolótach, go bhféadfadh oibreoirí na mbonneagar margaidh DLT díolúintí sealadacha a fháil ó fhorálacha áirithe de reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, ba cheart dóibh comhoibriú go dlúth leis na húdaráis inniúla agus le ESMA le linn na tréimhse sin ina bhfuil a gceada shonraigh bailí. Ba cheart d'oibreoirí na mbonneagar margaidh DLT na húdaráis inniúla a chur ar an eolas faoi aon athruithe ábhartha ar a bpleananna gnó nó ar a bhfoireann chriticiúil, faoi aon fhianaise ar chibirionsaithe nó cibearbhagairtí, calaois nó míchleachtas tromchúiseach, aon athrú ar an bhfaisnéis arna soláthar tráth a rinneadh an chéad iarratas ar chead le haghaidh cead sonrach, faoi aon deacrachtaí teicniúla nó oibríochtúla, go háirithe na deacrachtaí teicniúla sin a bhfuil baint acu le húsáid na teicneolaíochta mórleabhar dáilte, agus aon riosca do chosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh nó cobhsaíocht airgeadais nach raibh beartaithe tráth a tugadh an cead sonrach. Chun cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú, nuair a bheidh fógra faoi athrú ábhartha den sórt sin tugtha dó, ba cheart don údarás inniúil a dheonaigh an cead sonrach a bheith in ann a cheangal ar bhonneagar margaidh DLT iarratas a dhéanamh ar chead nó díolúine shonrach nua, nó aon bheart ceartaitheach a dhéanamh a mheasann an t-údarás inniúil a bheith iomchuí. Ba cheart d'oibreoirí na mbonneagar margaidh DLT aon fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil don údarás inniúil nuair a iarrtar sin orthu. Ba cheart do na húdaráis inniúil an fhaisnéis a fhaightear ó oibreoirí na mbonneagar margaidh DLT agus an fhaisnéis maidir le bearta ceartaitheacha a chur ar aghaidh chuig ESMA.

(51) Ba cheart d'oibreoirí na mbonneagar margaidh DLT tuarascálacha rialta a thabhairt dá n-údaráis inniúla. Ba cheart do ESMA plé a eagrú ar na tuarascálacha lena chur ar chumas gach údaráis inniúil ar fud an Aontais taithí a fháil maidir leis an tionchar a bhaineann leis an teicneolaíocht mórleabhar dáilte agus tuiscint a fháil an bhfuil aon leasuithe ar reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith riachtanach le go mbeifear in ann leas a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte ar scála níos mó.

(52) Le linn an chórais phíolótaigh, tá sé tábhachtach go ndéanfaí faireachán agus meastóireacht go minic ar an gcreat agus ar a fheidhmiú, chun an fhaisnéis d'oibreoirí na mbonneagar margaidh DLT a uasmhéadú. Ba cheart do ESMA tuarascálacha a fhoilsiú chun tuiscint níos fearr maidir le feidhmiú agus forbairt na margaí a chur ar fáil do rannpháirtithe an mhargaidh agus chun soiléiriú a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm an chórais phíolótaigh. Ba cheart go n-áireofaí sna tuarascálacha bliantúla sin nuashonruithe ar na treochtaí agus na rioscaí is tábhachtaí. Ba cheart na tuarascálacha bliantúla sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin.

(53) 3 bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart do ESMA tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh a mheasúnú ar an gcóras píolótach. Ar bhonn na tuarascála ó ESMA, ba cheart don Choimisiún tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Sa tuarascáil sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar na costais agus na sochair a bhaineann le síneadh a chur leis an gcóras píolótach ar feadh tréimhse breise, le síneadh a chur leis an gcóras chun cineálacha eile ionstraimí airgeadais a chuimsiú, an córas píolótach a leasú ar shlí eile, an córas a dhéanamh buan trí leasuithe iomchuí ar reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a mholadh, nó tríd an gcóras píolótach a fhoirceannadh. Bheadh sé neamh-inmhianaithe dá mbeadh dhá chóras chomhthreomhara ann maidir le bonneagair mhargaidh bunaithe ar DLT agus bonneagair mhargaidh nach bhfuil bunaithe ar DLT. Má tá rath ar an gcóras píolótach, d'fhéadfaí é a dhéanamh buan trí reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le seirbhisí airgeadais a leasú chun creat aonair comhleanúnach a bhunú.

(54) Aithníodh bearnaí féideartha i reachtaíocht an Aontais atá ann cheana maidir le seirbhísí airgeadais a mhéid a bhaineann lena chur i bhfeidhm ar chriptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais. Go háirithe, na caighdeáin theicniúla rialála faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a bhaineann le ceanglais áirithe i leith tuairisciú sonraí agus ceanglais trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála, níl na caighdeáin sin in oiriúint rómhaith d'ionstraimí airgeadais a eisítear trí bhíthin teicneolaíocht mórleabhar dáilte. Is margaí nuaghinte iad margaí tánaisteacha in ionstraimí airgeadais arna n-eisiúint trí bhíthin teicneolaíocht mórleabhar dáilte nó trí bhíthin teicneolaíocht chomhchosúil agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh a ngnéithe a bheith éagsúil le margaí in ionstraimí airgeadais a bhaineann úsáid as teicneolaíocht thraidisiúnta. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar amach sna caighdeáin theicniúla rialála sin ar na hionstraimí airgeadais uile, gan beann ar an teicneolaíocht a úsáidtear. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na sainorduithe atá ann cheana i Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt, ba cheart do ESMA measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na caighdeáin theicniúla rialála sin agus aon leasú is gá a mholadh chun a áirithiú go bhféadfaí na rialacha a leagtar amach ann a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar ionstraimí airgeadais DLT. Agus an measúnú sin á dhéanamh, ba cheart do ESMA sainiúlachtaí ionstraimí airgeadais DLT a chur san áireamh agus pé acu an bhfuil gá le caighdeáin a oiriúnú chun go mbeifear in ann na hionstraimí airgeadais sin a fhorbairt gan an bonn a bhaint de chuspóirí na rialacha a leagtar síos sna caighdeáin theicniúla rialála a glacadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

(55) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr constaicí rialála ar an bhforbairt ar bhonneagair margaidh DLT le haghaidh criptea-shócmhainní a cháilíonn mar ionstraimí airgeadais a bheith leabaithe i reachtaíocht sheirbhísí airgeadais an Aontais, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(56) Ní dochar an Rialachán seo do Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Ag an am céanna, i leith eintitis atá údaraithe faoi Threoir 2014/65/AE, ba cheart úsáid a bhaint as na sásraí le haghaidh sáruithe ar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 nó ar Threoir 2014/65/AE a thuairisciú mar a bhunaítear faoin Treoir sin. I leith eintitis atá údaraithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ba cheart úsáid a bhaint as na sásraí chun sáruithe ar an Rialachán sin a thuairisciú mar a bhunaítear faoin Rialachán sin.

---

1 Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

(57) D'fhéadfadh sé go mbeadh próiseáil sonraí pearsanta i gceist le hoibriú bhonneagair margaidh DLT. I gcás inar gá sonraí pearsanta a phróiseáil, chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart an phróiseáil sin a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta. Ní dochar an Rialachán seo do Rialacháin (AE) 2016/679[1] ná (AE) 2018/1725[2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 23 Aibreán 2021.

---

1 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

2 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(58) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 d'idirthréimhse ar lena linn nach mbeidh feidhm ag rochtain neamh-idirdhealaitheach ar CCP nó ar ionad trádála faoin Rialachán sin i leith CCPanna nó ionaid trádála a rinne iarratas chuig a n-údarás inniúil chun tairbhiú de na socruithe idirthréimhseacha i leith díorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán. An 3 Iúil 2020, chuaigh an tréimhse in éag ar lena linn a d'fhéadfadh údarás inniúil CCP nó ionad trádála a dhíolmhú ó na rialacha maidir le rochtain neamh-idirdhealaitheach i leith díorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán. Bhí tionchar diúltach ag neamhchinnteacht agus luaineacht na margaí ar rioscaí oibríochtúla CCPanna agus na n-ionad trádála agus rinneadh, dá bhrí sin, dáta chur i bhfeidhm an chórais rochtana oscailte nua do CCPanna agus d'ionaid trádála a thairgeann seirbhísí trádála agus imréitigh i leith díorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán a chur siar le hAirteagal 95 de Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] ar feadh bliana, go dtí an 3 Iúil 2021. Is ann fós do na cúiseanna a bhí le dáta chur i bhfeidhm an chórais rochtana oscailte nua a chur siar. Thairis sin, d'fhéadfadh an córas rochtana oscailte a bheith i gcontrárthacht le cuspóirí comhthreomhara beartais chun an trádáil agus an nuálaíocht a chothú laistigh den Aontas, ós rud é go bhféadfaí dídhreasú a dhéanamh leis ar an nuálaíocht i ndíorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán trí lamháil d'iomaitheoirí, ar tairbhithe de rochtain oscailte iad, brath ar bhonneagar agus ar infheistíochtaí na gcomhpháirtithe atá ann faoi láthair chun táirgí iomaíocha a bhfuil costais tosaigh ísle ag gabháil leo a thairiscint. Tá cothabháil córas trína ndéantar díorthaigh a imréiteach agus a thrádáil in eintiteas atá comhtháite go hingearach comhsheasmhach freisin le treochtaí seanbhunaithe idirnáisiúnta. Ba cheart, dá bhrí sin, dáta chur i bhfeidhm an chórais rochtana oscailte nua a chur siar 2 bhliain eile, go dtí an 3 Iúil 2023.

---

[1] Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2015/2365 agus Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 (IO L 22, 22.1.2021, lch. 1).

(59) Faoi láthair, ní áirítear go sainráite sa sainmhíniú ar ionstraim airgeadais i dTreoir 2014/65/AE ionstraimí airgeadais a eisítear trí bhíthin aicme teicneolaíochtaí a thacaíonn le taifeadadh dáilte sonraí criptithe, eadhon, teicneolaíocht mórleabhar dáilte. Chun a áirithiú gur féidir na hionstraimí airgeadais sin a thrádáil ar an margadh faoin gcreat dlíthiúil reatha, ba cheart an sainmhíniú i dTreoir 2014/65/AE a leasú chun iad a chur san áireamh.

(60) Cé go leagtar amach leis an Rialachán seo an creat rialála do bhonneagair margaidh DLT, lena n-áirítear iad siúd lena soláthraítear seirbhísí socraíochta, is i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a leagtar síos an creat rialála ginearálta le haghaidh córais socraíochta urrús arna n-oibriú ag CSDanna, ina n-áirítear forálacha maidir le haraíonacht socraíochta. Cuimsítear sa chóras araíonachta socraíochta na rialacha maidir le mainneachtana socraíochta a thuairisciú, pionóis airgid a bhailiú agus a dháileadh agus ceannach isteach éigeantach. De bhun na ndréachtchaighdeán teicniúil rialála arna nglacadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, beidh feidhm ag na forálacha maidir le haraíonacht socraíochta ón 1 Feabhra 2022. Mar sin féin, tá fianaise curtha ar fáil ag geallsealbhóirí go bhféadfadh ceannach isteach éigeantach méadú a dhéanamh ar bhrú leachtachta agus ar chostais na n-urrús atá i mbaol ó bheith ceannaithe isteach. D’fhéadfadh na tionchair sin a bheith níos measa fós i gcás ina mbeadh luaineacht sa mhargadh. I bhfianaise an mhéid sin, d’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag cur i bhfeidhm na rialacha maidir le ceannach isteach éigeantach mar a leagtar síos iad i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ar éifeachtúlacht agus ar iomaíochas na margaí caipitil san Aontas. D’fhéadfadh an tionchar sin, dá réir sin, a bheith ina shiocair le raon difríochta níos leithne idir tairiscint agus iarraidh, le héifeachtúlacht mhargaidh laghdaithe agus le níos lú dreasachtaí i leith urrúis a thabhairt ar iasacht sna margaí iasachtaithe agus athcheannaigh urrús agus idirbhearta le CSDanna atá bunaithe san Aontas a shocrú. Táthar ag dréim leis, dá bhrí sin, gur mó iad na costais a bhaineann leis na rialacha maidir le ceannach isteach éigeantach a chur i bhfeidhm ná na sochair ionchasacha. Agus an tionchar diúltach ionchasach sin á chur san áireamh, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a leasú chun lamháil do dháta difriúil cur i bhfeidhm i gcás gach birt araíonachta socraíochta, ionas gur féidir dáta chur i bhfeidhm na rialacha maidir le ceannach isteach éigeantach a chur siar tuilleadh.

Leis an gcur siar sin, lamhálfaí don Choimisiún measúnú a dhéanamh, i gcomhthéacs an togra reachtaigh atá le teacht go luath lena ndéanfar athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ar conas ba cheart an creat araíonachta socraíochta, agus go háirithe na rialacha maidir le ceannach isteach éigeantach, a leasú chun na saincheisteanna thuasluaite a chur i gcuntas agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Thairis sin, d'áiritheofaí leis an gcur siar sin nach dtabhódh rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear na bonneagair margaidh DLT sin a bheadh faoi réir an chórais araíonachta socraíochta, costais chur chun feidhme faoi dhó i gcás ina leasófaí na rialacha sin mar thoradh ar an athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.

(61) Níor cheart go ndéanfadh oibriú bhonneagar margaidh DLT an bonn a bhaint ó bheartais aeráide na mBallstát. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, an fhorbairt agus an infheistíocht i dteicneolaíochtaí mórleabhar dáilte, astaíochtaí ísle nó astaíochtaí nialasacha a spreagadh tuilleadh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Ábhar agus raon feidhme*

Leagtar síos leis an Rialachán seo ceanglais i ndáil le bonneagair margaidh DLT agus a n-oibreoirí i leith an mhéid seo a leanas:

(a) ceadanna sonracha a dheonú agus a tharraingt siar maidir le bonneagair margaidh DLT **a** oibriú i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(b) díolúintí a bhaineann le ceadanna sonracha a dheonú, a mhodhnú agus a tharraingt siar;

(c) na coinníollacha a ghabhann le díolúintí a shainordú, a mhodhnú agus a tharraingt siar agus i leith bearta cúiteacha nó ceartaitheacha a ghabhann leis na díolúintí sonracha sin a shainordú, a mhodhnú agus a tharraingt siar;

(d) bonneagair mhargaidh DLT a oibriú;

(e) maoirseacht a dhéanamh ar bhonneagair margaidh DLT; agus

(f) an comhar idir oibreoirí bhonneagair margaidh DLT, na húdaráis inniúla agus an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (ESMA).

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'teicneolaíocht mórleabhar dáilte' nó 'DLT' teicneolaíocht lena gcumasaítear oibriú agus úsáid mórleabhar dáilte;

(2) ciallaíonn 'mórleabhar dáilte' taisclann faisnéise ina gcoimeádtar taifid ar idirbhearta agus a chomhroinntear ar fud tacar de nóid líonra DLT agus a shioncrónaítear idir nóid líonra DLT, agus úsáid á baint as sásra comhthola;

(3) ciallaíonn 'sásra comhthola' rialacha agus nósanna imeachta trína mbaintear amach comhaontú, i measc nóid líonra DLT, go ndéantar idirbheart a bhailíochtú;

(4) ciallaíonn 'nód líonra DLT' ann gaireas nó próiseas ar cuid de líonra é ina bhfuil macasamhail iomlán nó pháirteach de thaifid de na hidirbhearta uile i dtaca le teicneolaíocht mórleabhair dáilte;

(5) ciallaíonn 'bonneagar margaidh DLT' saoráid trádála iltaobhach DLT, córas socraíochta DLT nó córas trádála agus socraíochta DLT;

(6) ciallaíonn ‘saoráid trádála iltaobhach DLT’ nó ‘MTF DLT’ saoráid trádála iltaobhach nach mbíonn rannpháirteach ach i dtrádáil ionstraimí airgeadais DLT;

(7) ciallaíonn ‘córas socraíochta DLT’ nó ‘SS DLT’ córas socraíochta lena socraítear idirbhearta in ionstraimí airgeadais DLT i gcoinne íocaíochta nó i gcoinne seachadta, gan beann ar an gcóras socraíochta sin a bheith ainmnithe agus fógartha i gcomhréir le Treoir 98/26/CE, agus lena lamháiltear d’ionstraimí airgeadais DLT a thaifeadadh den chéad uair nó lena lamháiltear do sheirbhísí slánchoinneála a sholáthar i ndáil le hionstraimí airgeadais DLT;

(8) ciallaíonn ‘socraíocht’ socraíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (7), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(9) ciallaíonn ‘mainneachtain socraíochta’ mainneachtain socraíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) pointe(15), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(10) ciallaíonn ‘córas trádála agus socraíochta DLT’ nó ‘TSS DLT’ MTF DLT nó SS DLT lena gcomhcheanglaítear na seirbhísí a dhéanann MTF DLT agus SS DLT araon;

(11) ciallaíonn ‘ionstraim airgeadais DLT’ ionstraim airgeadais a eisítear, a thaifeadtar, a aistrítear agus a stóráiltear trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte;

(12) ciallaíonn 'ionstraim airgeadais' ionstraim airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (15), de Threoir 2014/65/AE;

(13) ciallaíonn 'saoráid trádála iltaobhach' saoráid trádála iltaobhach mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (22), de Threoir 2014/65/AE;

(14) ciallaíonn 'taisclann lárnach urrús' nó 'CSD' taisclann lárnach urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(15) ciallaíonn 'córas socraíochta urrús' córas socraíochta urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (10), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(16) ciallaíonn 'lá gnó' lá gnó mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (14), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(17) ciallaíonn 'soláthar in áit íocaíochta' soláthar in áit íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (27), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;

(18) ciallaíonn 'institiúid creidmheasa' institiúid creidmheasa mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1];

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

(19) ciallaíonn ‘gnólacht infheistíochta’gnólacht infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe(1), de Threoir 2014/65/AE;

(20) ciallaíonn ‘oibreoir margaidh’ oibreoir margaidh mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (18), de Threoir 2014/65/AE;

(21) ciallaíonn ‘údarás inniúil’ údarás inniúil amháin nó níos mó:

(a) a ainmnítear gcomhréir le hAirteagal 67 de Threoir 2014/65/AE;

(b) a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014; nó

(c) a ainmnítear ag Ballstát ar shlí eile chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 3*

*Teorainneacha le hionstraimí airgeadais a ligtear isteach chun a dtrádála ar bhonneagar margaidh DLT nó a thaifeadtar ar bhonneagar margaidh DLT*

1. Ní ligfear ionstraimí airgeadais DLT isteach chun a dtrádála ar bhonneagar margaidh DLT, nó ní dhéanfar iad a thaifeadadh ar bhonneagar margaidh DLT, ach amháin, más rud é, tráth a ligin isteach chun trádála nó tráth an taifeadta ar mhórleabhar dáilte, gurb iad seo a leanas ionstraimí airgeadais DLT:

   (a) scaireanna, a bhfuil caipitliú margaidh nó caipitliú margaidh trialach ar lú é ná EUR 500 milliún ag an eisitheoir atá acu;

   (b) bannaí, cineálacha eile fiachais urrúsaithe, lena n-áirítear admhálacha taisclainne i leith urrúis den sórt sin, nó ionstraimí margaidh airgid, ar lú méid a n-eisiúna ná EUR 1 bhilliún, cé is moite d'ionstraimí airgeadais lena ndéantar díorthach a leabú nó struchtúr a ionchorprú lena bhfágtar gur deacair don chliant an riosca atá i gceist a thuiscint; nó

   (c) aonaid i ngnóthais chomhinfheistíochta a chumhdaítear le hAirteagal 25(4), pointe (a)(iv), de Threoir 2014/65/AE, ar lú ná EUR 500 milliún margadhluach na sócmhainní atá faoi bhainistíocht.

   Bannaí corparáide arna n-eisiúint ag eisitheoirí nár sháraigh a gcaipitliú margaidh EUR 200 milliún tráth a n-eisiúna, eisiafar iad ó ríomh na teorann dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b).

2. Maidir le margadhluach comhiomlán ionstraimí airgeadais DLT uile a ligtear isteach chun a dtrádála ar bhonneagar margaidh DLT nó a thaifeadtar ar bhonneagar margaidh DLT, ní rachaidh siad thar EUR 6 bhilliún tráth a ligin isteach chun trádála, nó tráth chéad taifeadta ionstraim airgeadais nua DLT.

I gcás ina shroichfeadh an margadhluach comhiomlán dá dtagraítear sa chéad fhomhír EUR 6 bhilliún mar thoradh ar ionstraim airgeadais DLT a ligean isteach chun trádála nó mar thoradh ar thaifeadadh ionstraim airgeadais nua DLT, le bonneagar margaidh DLT, ní dhéanfar an ionstraim airgeadais DLT sin a ligean isteach chun trádála nó í a thaifeadadh.

3. I gcás ina shroichfeadh margadhluach comhiomlán ionstraimí airgeadais DLT uile a ligtear isteach chun a dtrádála ar bhonneagar margaidh DLT nó a thaifeadtar ar bhonneagar margaidh DLT EUR 9 mbilliún, gníomhachtóidh oibreoir bhonneagar margaidh DLT an straitéis aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 7(7). Tabharfaidh oibreoir bhonneagar margaidh DLT fógra don údarás inniúil faoi ghníomhachtú a straitéise aistrithe agus faoin amscála le haghaidh an aistrithe sa tuarascáil mhíosúil dá bhforáiltear i mír 5.

4. Ríomhfaidh oibreoir bhonneagar margaidh DLT meán-mhargadhluach comhiomlán míosúil ionstraimí airgeadais DLT a thrádálfar nó a thaifeadfar ar an mbonneagar margaidh DLT sin. Ríomhfar an meán míosúil sin mar mheán phraghsanna scoir laethúla gach ionstraime airgeadais DLT, iolraithe faoi líon ionstraimí airgeadais DLT a thrádálfar nó a thaifeadfar ar bhonneagar margaidh DLT den sórt sin leis an Uimhir Aitheantais Urrús Idirnáisiúnta (ISIN) céanna.

Bainfidh oibreoir bhonneagar margaidh DLT úsáid as an meán míosúil sin sna cásanna seo a leanas:

(a) agus measúnú á dhéanamh i dtaobh an mbeadh ligean isteach chun trádála d'ionstraim airgeadais nua DLT nó taifeadadh d'ionstraim airgeadais nua DLT an mhí dár gcionn ina shiocair le margadhluach comhiomlán na n-ionstraimí airgeadais DLT an tairseach dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a shroicheadh; agus

(b) nuair a dhéanfar cinneadh i dtaobh an straitéis aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 7(7) a ghníomhachtú.

5. Déanfaidh oibreoir bhonneagar margaidh DLT tuarascálacha míosúla a chur faoi bhráid a údaráis inniúil lena léireofar nach sáraíonn hionstraimí airgeadais DLT a ligfear isteach chun trádála nó a thaifeadtar ar bhonneagar mhargadh DLT na tairseacha a leagtar amach i mír 2 agus mír 3.

6. Féadfaidh údarás inniúil tairseacha níos ísle a shocrú ná na luachanna a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2. Má dhéanann údarás inniúil an tairseach dá dtagraítear i mír 2 a laghdú, measfar go mbeidh an luach a leagtar amach i mír 3 íslithe go comhréireach.

Chun críocha na chéad fhomhíre den mhír seo, déanfaidh an t-údarás inniúil breithniú i dtaobh mhéid an mhargaidh agus mheánchaipitliú ionstraimí airgeadais DLT de chineál ar leith a ligeadh isteach ar ardáin trádála sna Ballstáit ina ndéanfar na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí agus déanfaidh sé breithniú i dtaobh na rioscaí a bhaineann leis na heisitheoirí, leis an gcineál teicneolaíochta mórleabhar dáilte a mbainfear úsáid as agus le seirbhísí agus gníomhaíochtaí bhonneagar margaidh DLT.

7. Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 maidir le hionstraimí airgeadais DLT a ligtear isteach chun a dtrádála ar MTF DLT nó ar TSS DLT.

*Airteagal 4*

*Ceanglais agus díolúintí maidir le MTFanna DLT*

1. Beidh MTF DLT faoi réir na gceanglas a bhfuil feidhm acu maidir le saoráid trádála iltaobhach faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus Treoir 2014/65/AE.

Níl feidhm ag an gcéad fhomhír i leith na gceanglas sin óna bhfuil an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a oibríonn an MTF DLT díolmhaithe mar a fhoráiltear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo; agus atá i gcomhréir le:

(a) hAirteagal 7;

(b) míreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo; agus

(c) aon bhearta cúiteacha a mheasfaidh an t-údarás inniúil a bheith iomchuí chun na cuspóirí na bhforálacha a n-iarradh díolúine ina leith a chomhlíonadh nó chun cosaint infheisteoirí, sláine margaidh nó cobhsaíocht airgeadais a áirithiú.

2. Sa bhreis ar na daoine a shonraítear in Airteagal 53(3) de Threoir 2014/65/AE má iarrann oibreoir MTF DLT sin, féadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt don oibreoir sin daoine nádúrtha agus dlítheanacha a ligean isteach chun déileáil ar a gcuntas féin mar chomhaltaí nó mar rannpháirtithe, ar choinníoll go gcomhlíonann na daoine sin na ceanglais seo a leanas:

(a) go bhfuil dea-chlú orthu;

(b) go bhfuil leibhéal leordhóthanach cumais trádála, inniúlachta agus taithí acu, lena n-áirítear eolas faoi fheidhmiú teicneolaíochta mórleabhar dáilte;

(c) nach cruthaitheoirí margaidh iad ar MTF DLT;

(d) nach mbaineann siad úsáid as teicníc trádála algartamaí ar MTF DLT;

(e) nach ndéanann siad rochtain dhíreach leictreonach ar MTF DLT a chur ar fáil do dhaoine eile;

(f) nach ndéileálann siad ar a gcuntas féin agus orduithe cliant á gcur i gcrích acu ar bhonneagar margaidh DLT; agus

(g) go bhfuil toiliú feasach tugtha acu i leith trádáil a dhéanamh ar MTF DLT mar chomhaltaí nó mar rannpháirtithe agus go ndearna MTF DLT iad a chur ar an eolas faoi na rioscaí ionchasacha a bhaineann lena córais a úsáid chun ionstraimí airgeadais DLT a thrádáil.

I gcás ina ndeonaíonn an t-údarás inniúil an díolúine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh sé bearta cosanta breise a cheangal chun cosaint a thabhairt do dhaoine nádúrtha a ligtear isteach chuig MTF DLT mar chomhaltaí nó mar rannpháirtithe. Beidh na bearta sin i gcomhréir le próifíl riosca na gcomhaltaí nó na rannpháirtithe sin.

3. Arna iarraidh sin d'oibreoir MTF DLT, féadfaidh an t-údarás inniúil an t-oibreoir sin nó a chomhaltaí nó a rannpháirtithe a dhíolmhú ó Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.

I gcás ina ndeonaíonn an t-údarás inniúil díolúine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, déanfaidh MTF DLT taifid de na hidirbhearta uile a chuirfear i gcrích trína córais a choimeád. Beidh na sonraí uile a shonraítear in Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 sna taifid sin, ar sonraí iad atá ábhartha maidir leis an gcóras arna úsáid ag MTF DLT agus an comhalta nó an rannpháirtí a bhfuil an t-idirbheart á dhéanamh aige. Áiritheoidh MTF DLT freisin go mbeidh rochtain dhíreach, láithreach ar na sonraí sin ag na húdaráis inniúla atá i dteideal na sonraí a fháil go díreach ón tsaoráid trádála iltaobhach i gcomhréir le hAirteagal 26 den Rialachán sin. Chun rochtain a fháil ar na taifid sin, déanfar údarás inniúil den sórt sin a ligean isteach chuig MTF DLT mar bhreathnóir rialála rannpháirteach.

Déanfaidh an t-údarás inniúil aon fhaisnéis a raibh rochtain aige air i gcomhréir leis an Airteagal seo a chur ar fáil do ESMA gan moill mhíchuí.

4. I gcás ina n-iarrann oibreoir de chuid MTF DLT díolúine faoi mhír 2 nó faoi mhír 3, léireoidh sé go bhfuil na nithe seo a leanas i gceist leis an díolúine a iarradh:

(a) go bhfuil sé comhréireach leis an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht mórleabhar dáilte agus go bhfuil údar cuí leis an úsáid sin; agus

(b) go bhfuil sé teoranta don MTF DLT agus nach ndearnadh é a leathnú chuig aon saoráid trádála iltaobhach eile atá á hoibriú ag an oibreoir sin.

5. Beidh feidhm, *mutatis mutandis*, ag míreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo maidir le CSD a bhfuil TSS DLT á oibriú aici i gcomhréir le hAirteagal 6(2).

6. Ullmhóidh ESMA treoirlínte maidir leis na bearta cúiteacha dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, pointe (c).

*Airteagal 5*

*Ceanglais agus díolúintí maidir le SSanna DLT*

1. Beidh CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aici faoi réir na gceanglas a bhfuil feidhm acu maidir le CSD a bhfuil córas socraíochta urrús á oibriú aici faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.

Níl feidhm ag an gcéad fhomhír maidir leis na ceanglais sin óna bhfuil CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aici díolmhaithe faoi mhíreanna 2 go 9 den Airteagal seo, ar an gcoinníoll go bhfuil CSD i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) Airteagal 7;

(b) míreanna 2 go 10 den Airteagal seo; agus

(c) aon bhearta cúiteacha a mheasfaidh an t-údarás inniúil a bheith iomchuí chun cuspóirí na bhforálacha ar ina leith a iarradh díolúine a chomhlíonadh nó chun cosaint infheisteoirí, sláine margaidh nó cobhsaíocht airgeadais a áirithiú.

2. Arna iarraidh sin do CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aici, féadfaidh an t-údarás inniúil CSD den sórt sin a dhíolmhú ó Airteagal 2(1), pointí (4), (9) nó (28), nó ó Airteagal 3, 37 nó 38 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ar choinníoll go ndéanfaidh CSD den sórt sin an méid seo a leanas:

(a) léiriú a thabhairt go mbeidh an úsáid a bhainfear as‘cuntas urrús’, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe(28) den Rialachán sin, é sin nó an úsáid a bhainfear as foirm cuntais reatha mar a fhoráiltear in Airteagal 3 den Rialachán sin ar neamhréir leis an úsáid a bhainfear as an teicneolaíocht mórleabhar dáilte sonrach;

(b) bearta cúiteacha a mholadh chun cuspóirí na bhforálacha ar ina leith a iarrtar díolúine a chomhlíonadh, agus lena n-áiritheofar an méid seo a leanas ar a laghad:

(i) go mbeidh ionstraimí airgeadais DLT taifeadta ar an mórleabhar dáilte;

(ii) go mbeidh líon ionstraimí airgeadais DLT in eisiúint nó i gcuid d'eisiúint arna dtaifeadadh ag CSD a mbeidh SS DLT á oibriú aici, cothrom le suim ionstraimí airgeadais DLT a chuimseofar in eisiúint den sórt sin nó i gcuid d'eisiúint, a thaifeadtar ar an mórleabhar dáilte tráth ar bith;

(iii) go gcoinneofar taifid lena gcuirfear ar chumas CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aici, tráth ar bith, ionstraimí airgeadais DLT de chuid comhalta, rannpháirtithe, eisitheora nó cliaint a leithscaradh ó ionstraimí airgeadais DLT aon chomhalta, rannpháirtithe, eisitheora, nó cliaint eile gan mhoill; agus

(iv) nach gceadófar rótharraingtí urrús, iarmhéideanna dochair, nó urrúis a chruthú nó a scriosadh go míchuí.

3. Arna iarraidh sin do CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aici, féadfaidh an t-údarás inniúil an CSD sin a dhíolmhú ó Airteagal 6 nó 7 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ar choinníoll go n-áiritheofar leis an CSD sin, ar a laghad, trí bhíthin nósanna imeachta agus socruithe stóinsithe go ndéanfar an méid seo a leanas le SS DLT den sórt sin:

(a) deimhniú soiléir, cruinn agus tráthúil ar shonraí idirbheart in ionstraimí airgeadais DLT a chumasú, lena n-áirítear aon íocaíochtaí a dhéanfar i leith ionstraimí airgeadais DLT, mar aon le hurscaoileadh aon comhthaobhachta i leith na n-ionstraimí sin nó iarrataí ar chomhthaobhacht i leith ionstraimí airgeadais DLT; agus

(b) mainneachtana socraíochta a chosc, nó go ndíreofar ar mhainneachtana socraíochta murar féidir iad a chosc.

4. Arna iarraidh sin do CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aici, féadfaidh an t-údarás inniúil CSD den sórt sin a dhíolmhú ó Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 i ndáil le heisfhoinsiú seirbhíse lárnaí chuig tríú páirtí agus ina leith sin amháin, ar choinníoll nach mbeidh cur i bhfeidhm an Airteagail sin ar neamhréir leis an úsáid a bhainfear as teicneolaíocht mórleabhar dáilte amhail atá beartaithe ag an SS DLT arna oibriú ag an CSD sin.

5. Arna iarraidh sin do CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aici, féadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt do CSD den sórt sin daoine nádúrtha agus dlítheanacha i dteannta iad siúd a liostaítear in Airteagal 2, pointe (f), de Threoir 98/26/CE a ligean isteach mar rannpháirtithe in SS DLT, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas i leith daoine den sórt sin:

(a) tá dea-cháil orthu;

(b) tá leibhéal leordhóthanach cumais, inniúlachta, taithí agus eolais acu i ndáil le socraíocht, feidhmiú teicneolaíochta mórleabhar dáilte, agus measúnú riosca; agus

(c) tá toiliú feasach tugtha acu i leith bheith curtha san áireamh sa chóras píolótach dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus tá siad curtha ar an eolas ar bhealach leormhaith maidir lena chineál turgnamhach agus na rioscaí a d'fheadfadh a bheith ag baint leis.

6. Arna iarraidh sin do CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aici, féadfaidh an t-údarás inniúil an CSD sin a dhíolmhú ó Airteagail 33, 34 nó 35 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ar choinníoll go ndéanfaidh an CSD sin bearta cúiteacha a mholadh chun cuspóirí na nAirteagal sin a ghnóthú agus, ar a laghad, go n-áiritheofar an méid seo a leanas:

(a) go nochtfaidh SS DLT go poiblí critéir maidir le rannpháirtíocht lena lamhálfar do rochtain chothrom agus oscailte do gach duine a bhfuil sé ar intinn acu a bheith ina rannpháirtithe, agus go mbeidh na critéir sin trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach; agus

(b) go nochtfaidh SS DLT go poiblí praghsanna agus táillí a bhaineann leis na seirbhísí socraíochta a chuirtear ar fáil leo.

7. Arna iarraidh sin do CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aici, féadfaidh an t-údarás inniúil CSD den sórt sin a dhíolmhú ó Airteagail 39 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ar choinníoll go ndéanfaidh CSD den sórt sin bearta cúiteacha a mholadh chun cuspóirí an Airteagail sin a ghnóthú agus, go n-áiritheofar ar a laghad, trí bhíthin nósanna imeachta agus socruithe stóinsithe, go ndéanfar an méid seo a leanas:

(a) idirbhearta in ionstraimí airgeadais DLT a shocrú ag SS DLT gar d'fhíor am nó in aon lá amháin agus in aon chás, tráth nach déanaí ná an dara lá gnó tar éis an trádáil a thabhairt i gcrích;

(b) go ndéanfaidh SS DLT na rialacha lena rialófar an córas socraíochta a nochtadh go poiblí; agus

(c) go ndéanfaidh SS DLT maolú ar aon riosca a eascróidh as neamhainmniú SS DLT mar chóras chun críocha Threoir 98/26/CE, go háirithe maidir le himeachtaí dócmhainneachta.

Chun críocha SS DLT a oibriú, ní bheidh mar thoradh ar an sainmhíniú ar CSD i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, arb é sin duine dlítheanach a bhfuil córas socraíochta urrús á oibriú aige , go gceanglófar ar na Ballstáit SS DLT a ainmniú mar chóras socraíochta urrús agus fógra a thabhairt ina leith faoi Threoir 98/26/CE. Mar sin féin, ní chuirfear cosc ar na Ballstáit ó SS DLT a ainmniú mar chóras socraíochta urrús agus fógra a thabhairt ina leith faoi Threoir 98/26/CE i gcás ina gcomhlíonfar ceanglais na Treorach sin le SS DLT.

I gcás nach n-ainmneofar SS DLT agus nach dtabharfar fógra ina leith mar chóras socraíochta urrús faoi Threoir 98/26/CE, déanfaidh CSD a bhfuil SS DLTS den sórt sin á oibriú aici bearta cúiteach a mholadh chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn ón dócmhainneacht.

8. Arna iarraidh sin do CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aici, féadfaidh údarás inniúil CSD den sórt sin a dhíolmhú ó Airteagail 40 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ar choinníoll go ndéanfaidh CSD den sórt sin socrú ar bhonn soláthair in áit íocaíochta.

Déanfar an tsocraíocht ar íocaíochtaí trí airgead bainc ceannais, lena n-áirítear i bhfoirm chomharthaithe, i gcás ina mbeidh sé ar fáil agus praiticiúil nó, i gcás nach mbeidh sé ar fáil agus praiticiúil, trí chuntas CSD i gcomhréir le Teideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 nó trí airgead bainc tráchtála, lena n-áirítear i bhfoirm chomharthaithe, i gcomhréir leis an Teideal sin, nó trí úsáid a bhaint as 'comharthaí ríomh-  airgid'.

De mhaolú ar an dara fomhír den mhír seo, ní bheidh feidhm ag Teideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 maidir le hinstitiúid creidmheasa nuair a dhéanfar léi socraíocht íocaíochtaí, ina mbainfear úsáid as airgead bainc tráchtála, a sholáthar do bhonneagar margaidh DLT lena ndéantar taifeadadh ar ionstraimí airgeadais DLT nach mó ná EUR 6 bhilliún a margadhluacha comhiomlán, tráth chéad taifeadta ionstraime airgeadais nua DLT, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den Rialachán seo.

I gcás ina ndéanfar socraíocht trí úsáid a bhaint as airgead bainc tráchtála arna sholáthar ag institiúid creidmheasa nach bhfuil feidhm ag Teideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ina leith de bhua an tríú fomhír den mhír seo, nó i gcás ina ndéanfar socraíocht íocaíochtaí trí úsáid a bhaint as 'comharthaí ríomh-airgid', déanfaidh an CSD a bhfuil an SS DLT á oibriú aici aon rioscaí a thiocfaidh as úsáid na modhanna sin a shainaithint, a thomhas, a fhaire, a bhainistiú, agus a íoslaghdú.

Déanfaidh an CSD nó institiúid creidmheasa a bhfuil SS DLT á oibriú aici i gcomhréir le Teideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, seirbhísí a bhaineann le 'comharthaí ríomh-airgid' atá coibhéiseach leis na seirbhísí a liostaítear i Roinn C, pointe (b) agus pointe (c) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a sholáthar.

9. Arna iarraidh sin do CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aici, féadfaidh an t-údarás inniúil CSD den sórt sin a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm Airteagal 50, 51 nó 53 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ar choinníoll go léireoidh CSD den sórt sin go bhfuil an úsáid a bhainfear as teicneolaíocht mórleabhar dáilte ar neamhréir le córais leagáide CSDanna eile nó le bonneagar margaidh eile nó gur costais dhíréireacha a bheadh mar thoradh ar rochtain ar bhonneagair margaidh eile a thabhairt do CSD eile agus úsáid á baint as córais leagáide, i bhfianaise scála gníomhaíochtaí SS DLT.

I gcás ina ndearnadh CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aici a dhíolmhú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, tabharfaidh sí rochtain ar a SSanna DLT d'oibreoirí eile SSanna DLT nó d'oibreoirí eile TSSanna DLT. Déanfaidh CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aici an t-údarás inniúil a chur ar an eolas faoin rún atá aici rochtain den sórt sin a thabhairt. Féadfaidh an t-údarás inniúil an rochtain sin a thoirmeasc a mhéid go ndéanfadh an rochtain sin díobháil do chobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais nó do chóras airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann.

10. I gcás ina n-iarrann CSD a bhfuil SS DLT á oibriú aici díolúine faoi mhíreanna 2 go 9, léireoidh sé go bhfuil na nithe seo a leanas i gceist leis an díolúine a iarradh:

(a) go bhfuil sé comhréireach leis an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht mórleabhar dáilte agus go bhfuil údar cuí leis an úsáid sin; agus

(b) go bhfuil sé teoranta do SS DLT agus nach ndearnadh é a leathnú chuig córas socraíochta urrús atá á oibriú ag an CSD céanna.

11. Beidh feidhm, *mutatis mutandis*, ag míreanna 2 go 10 den Airteagal i leith gnólacht infheistíochta nó rannpháirtí sa mhargadh a bhfuil TSS DLT á oibriú acu i gcomhréir le hAirteagal 6(1).

12. Ullmhóidh ESMA treoirlínte maidir leis na bearta cúiteacha dá dtagraítear i mír 1,an dara fomhír, pointe (c), den Airteagal seo.

*Airteagal 6*

*Ceanglais agus díolúintí maidir le TSS DLT*

1. Beidh gnólacht infheistíochta nó rannpháirtí sa mhargadh a bhfuil TSS DLT á oibriú acu faoi réir na nithe seo a leanas:

(a) na ceanglais a bhfuil feidhm acu i leith saoráid trádála iltaobhach faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus Treoir 2014/65/AE; agus

(b) *mutatis mutandis*, na ceanglais a bhfuil feidhm i leith CSD faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, cé is moite d'Airteagail 9, 16, 17, 18, 20, 26, 27, 28, 31, 42, 43, 44, 46 agus 47 den Rialachán sin.

Níl feidhm ag an gcéad fhomhír i leith na gceanglas sin óna bhfuil an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh a oibríonn TSS DLT díolmhaithe faoi Airteagal 4(2) agus (3) agus in Airteagal 5(2) go (9), agus ar choinníoll go mbeidh an gnólacht infheistíochta nó an t-oibreoir margaidh sin i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) Airteagal 7;

(b) Airteagail 4(2), (3) agus (4) agus Airteagal 5(2) go (10); agus

(c) aon bhearta cúiteacha a mheasfaidh an t-údarás inniúil a bheith iomchuí chun cuspóirí na bhforálacha ar ina leith a iarradh díolúine a chomhlíonadh, nó chun cosaint infheisteoirí, sláine margaidh nó cobhsaíocht airgeadais a áirithiú.

2. Beidh CSD a bhfuil TSS DLT á oibriú aici faoi réir na nithe seo a leanas:

(a) na ceanglais a bhfuil feidhm acu i leith CSD faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014; agus

(b) *mutatis mutandis*, na ceanglais a bhfuil feidhm acu i leith saoráid trádála iltaobhach faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus Treoir 2014/65/AE, cé is moite d'Airteagail 5 go 13 den Treoir sin.

Níl feidhm ag an gcéad fhomhír i leith na gceanglas sin óna bhfuil CSD a bhfuil TSS DLT á oibriú aici díolmhaithe faoi Airteagal 4(2) agus (3) agus in Airteagal 5(2) go (9); agus ar choinníoll go gcomhlíonann CSD:

(a) Airteagal 7;

(b) Airteagal 4(2), (3) agus (4) agus Airteagal 5(2) go (10); agus

(c) aon bhearta cúiteacha a mheasfaidh an t-údarás inniúil a bheith iomchuí chun na cuspóirí na bhforálacha ar ina leith a iarradh díolúine a chomhlíonadh nó chun cosaint infheisteoirí, sláine margaidh nó cobhsaíocht airgeadais a áirithiú.

*Airteagal 7*

*Ceanglais bhreise le haghaidh bhonneagair mhargaidh DLT*

1. Déanfaidh oibreoirí bhonneagair mhargaidh DLT pleananna gnó soiléire agus mionsonraithe a chur ar bun lena ndéanfar cur síos ar an gcaoi a bhfuil sé ar intinn acu a gcuid seirbhísí agus gníomhaíochtaí a dhéanamh, lena n-áireofar iontu cur síos ar a bhfoireann chriticiúil, na gnéithe teicniúla agus an úsáid a bhainfear as teicneolaíocht mórleabhar dáilte, agus an fhaisnéis a cheanglaítear i mír 3.

Déanfaidh oibreoirí bhonneagair mhargaidh DLT doiciméadacht scríofa atá cothrom le dáta, soiléir agus mionsonraithe a chur ar fáil go poiblí freisin, doiciméadacht a fhéadfaidh siad a chur ar fáil go leictreonach, ina sainmhíneofar na rialacha faoina n-oibreoidh bonneagair mhargaidh DLT agus a n-oibreoirí, lena n-áirítear na téarmaí dlíthiúla lena sainmhíneofar cearta, oibleagáidí, freagrachtaí agus dliteanais oibreoirí bhonneagair mhargaidh DLT, mar aon le cearta, oibleagáidí, freagrachtaí agus dliteanais na gcomhaltaí, na rannpháirtithe, na n-eisitheoirí agus na gcliant a bhaineann úsáid as a mbonneagar margaidh DLT. Sonrófar sna téarmaí dlíthiúla sin an dlí rialaithe, aon sásra réamhdhlíthíochta um réiteach díospóidí, aon bhearta cosanta maidir le dócmhainneacht faoi Threoir 98/26/CE agus na dlínsí ina bhféadfar caingean dlí a thionscnamh. Féadfaidh oibreoirí bhonneagair mhargaidh DLT a ndoiciméadacht scríofa a chur ar fáil trí mhodhanna leictreonacha.

2. Déanfaidh oibreoirí bhonneagair mhargaidh DLT rialacha maidir le feidhmiú na teicneolaíochta mórleabhar dáilte a baineadh úsáid as a leagan síos nó a dhoiciméadú, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear na rialacha maidir le rochtain ar an mórleabhar dáilte, maidir le rannpháirtíocht na nód bailíochtaithe, maidir le haghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa a d’fhéadfadh a bheith ann, agus maidir le bainistiú riosca lena n-áirítear aon bhearta maolaithe chun cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú.

3. Déanfaidh oibreoirí bhonneagair mhargaidh DLT faisnéis shoiléir gan débhrí a sholáthar ar a suíomh gréasáin dá mbaill, dá rannpháirtithe, dá n-eisitheoirí agus dá gcliaint maidir le conas a dhéanann na hoibreoirí a bhfeidhmeanna, a seirbhísí agus a ngníomhaíochta a chur i gcrích agus i dtaobh conas nach bhfuil a bhfeidhmiú i leith na bhfeidhmeanna, na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí sin ar aon dul leis na feidhmeanna, seirbhísí agus gníomhaíochtaí arna bhfeidhmiú ag saoráid trádála iltaobhach nó ag córas socraíochta urrús nach bhfuil bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte. Beidh an cineál teicneolaíochta mórleabhar dáilte a mbainfear úsáid as san áireamh leis an bhfaisnéis sin.

4. Áiritheoidh oibreoirí bhonneagair mhargaidh DLT go mbeidh socruithe TF agus na cibearshocruithe foriomlána a bhaineann leis an úsáid a bhainfear as a dteicneolaíocht mórleabhar dáilte comhréireach le cineál, scála agus castacht a ngnólachtaí. Áiritheofar leis na socruithe sin leanúnachas agus trédhearcacht, infhaighteacht, iontaofacht agus slándáil leanúnach a seirbhísí agus a ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear iontaofacht na gconarthaí cliste a mbainfear úsáid astu ar an mbonneagar margaidh DLT. Áiritheofar leis na socruithe sin sláine, slándáil agus rúndacht aon sonraí a dhéanfaidh na hoibreoirí sin a stóráil, agus áiritheofar go mbeidh na sonraí sin ar fáil agus inrochtana.

Beidh nósanna imeachta bainistíochta sonracha maidir le riosca oibríochtúil i bhfeidhm ag oibreoirí bhonneagair mhargaidh DLT i gcomhair na rioscaí a bhaineann leis an úsáid a bhainfear as teicneolaíocht mór leabhar dáilte agus criptea-shócmhainní agus i dtaobh conas aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin dá mba rud é gur ann dóibh.

Chun measúnú a dhéanamh ar iontaofacht shocruithe TF agus chibearshocruithe foriomlána bhonneagar margaidh DLT, féadfaidh an t-údarás inniúil iniúchadh i leith na socruithe sin a éileamh. Más rud é go ndéanfaidh údarás inniúil iniúchadh a éileamh ceapfaidh sé iniúchóir neamhspleách chun an t-iniúchadh a dhéanamh. Is é an bonneagar margaidh DLT a íocfaidh as na costais a bhainfidh leis an iniúchadh sin.

5. I gcás ina n-áiritheoidh oibreoir bhonneagair mhargaidh DLT slánchoinneáil chistí, chomhthaobhacht nó ionstraimí airgeadais DLT de chuid na gcomhaltaí, na rannpháirtithe na n-eisitheoirí agus na gcliant, agus ina n-áiritheoidh sé na modhanna rochtana ar shócmhainní den sórt sin, lena n-áirítear i bhfoirm eochracha cripteagrafacha, beidh socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag an oibreoirí sin chun cosc a chur ar an úsáid a bhainfear as na sócmhainní sin ar chuntas an oibreora fhéin gan toiliú sainráite roimh ré i scríbhinn a fháil ón gcomhalta, ón rannpháirtí, ón eisitheoir nó ón gcliant lena mbaineann, a fhéadfar a dhéanamh trí mhodhanna leictreonacha.

Coinneoidh oibreoirí bhonneagar margaidh DLT taifid shábháilte, chruinne, iontaofa agus in-aisghafa de na cistí, den chomhthaobhacht agus d’ionstraimí airgeadais DLT atá i seilbh a mbonneagar margaidh DLT le haghaidh a gcomhaltaí, a rannpháirtithe, a n-eisitheoirí nó a gcliant mar aon leis na modhanna rochtana ar na cistí, ar an gcomhthaobhacht agus ar ionstraimí airgeadais DLT sin.

Déanfaidh oibreoirí bhonneagar margaidh DLT cistí, comhthaobhacht agus ionstraimí airgeadais DLT de chuid na gcomhaltaí, na rannpháirtithe, na n-eisitheoirí nó na gcliant a bhfuil úsáid á baint acu as bonneagar margaidh DLT, agus na modhanna rochtana ar shócmhainní den sórt sin, a leithscaradh ó shócmhainní de chuid an oibreora agus ó shócmhainní de chuid comhaltaí, rannpháirtithe, eisitheoirí agus cliant eile.

Áiritheofar le socruithe TF agus na cibearshocruithe foriomlána, dá dtagraítear i mír 4 go ndéanfar cistí, comhthaobhacht agus ionstraimí airgeadais DLT den sórt sin atá i seilbh bhonneagar margaidh DLT i gcomhair a chomhaltaí, a rannpháirtithe, a eisitheoirí nó a chliant, mar aon leis na modhanna rochtana atá orthu, a chosaint ar rioscaí a bhaineann le rochtain neamhúdaraithe, haiceáil, díghrádú, caillteanas, cibirionsaí, goid, calaois, faillí, nó mífheidhmeanna oibríochtúla tromchúiseacha eile.

6. I gcás caillteanas cistí, caillteanas comhthaobhachta nó caillteanas ionstraim airgeadais DLT, beidh oibreoir bhonneagar margaidh DLT a chaill na cistí, an chomhthaobhacht nó ionstraim airgeadais DLT faoi dhliteanas i leith an chaillteanais suas go méid arb ionann é agus margadhluach na sócmhainne a chaillfear. Ni bheidh oibreoir bhonneagar margaidh DLT faoi dhliteanas i leith an chaillteanais i gcás ina gcruthódh sé gur tharla an caillteanas mar thoradh ar theagmhas seachtrach nach raibh neart réasúnach aige air agus nárbh fhéidir iarmhairtí an teagmhais sin a sheachaint in ainneoin gach iarrachta réasúnta a rinneadh ina leith.

Déanfaidh oibreoirí bhonneagar margaidh DLT socruithe trédhearcacha agus leormhaithe a chur ar bun chun cosaint infheisteoirí a áirithiú, agus chun sásraí chun gearáin ó chliaint a láimhseáil agus nósanna imeachta i gcomhair cúiteamh nó sásamh a bhunú i gcásanna inar ann do chaillteanas infheisteora mar thoradh ar na hiarmhairtí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo nó mar thoradh ar stad a bheith á chur leis an ngnó i ngeall ar aon cheann de na hiarmhairtí dá dtagraítear in Airteagail 8(13), 9(11) agus 10(10).

Féadfaidh údarás inniúil a chinneadh, de réir an cháis, coimircí stuamachta breise a chur de cheangal ar oibreoir bhonneagar margaidh DLT i bhfoirm cistí dílse nó polasaí árachais, má chinneann an t-údarás inniúil nach ndéantar dliteanais fhéideartha i leith damáistí a dhéantar do chliaint de chuid oibreoir bhonneagar margaidh DLT i ngeall ar aon cheann de na hiarmhairtí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a chumhdach go leordhóthanach leis na ceanglais stuamachta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, i Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], i dTreoir 2014/65/AE nó i dTreoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], chun cosaint infheisteoirí a áirithiú.

---

[1] Treoir (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014, agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1).

[2] Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64).

7. Déanfaidh oibreoir bhonneagar margaidh DLT straitéis shoiléir agus mhionsonraithe a chur ar bun agus a chur ar fáil go poiblí chun gníomhaíocht bhonneagar margaidh DLT ar leith a laghdú nó chun bonneagar margaidh DLT ar leith ('straitéis idirthréimhseach') a aistriú as de bheith ag oibriú nó a scor de bheith ag oibriú, lena n-áirítear aistriú nó aisiompú a oibríochtaí teicneolaíochta mórleabhar dáilte chuig bonneagair thraidisiúnta mhargaidh, sna cásanna seo a leanas:

(a) rinneadh an tairseach dá dtagraítear in Airteagal 3(3) a shárú;

(b) tá cead sonrach nó díolúine a dheonaítear faoin Rialachán seo le tarraingt siar nó le scor ar shlí eile, lena n-áirítear i gcás ina scoirtear den chead sonrach nó den díolúine mar thoradh ar na teagmhais a bheartaítear faoi Airteagal 14(2); nó

(c) aon scor deonach nó ainneonach de ghnó an bhonneagair margaidh DLT.

Beidh an straitéis aistrithe réidh lena himscaradh in am trátha.

Leagfar amach sa straitéis aistrithe conas a chaithfear le comhaltaí, rannpháirtithe, eisitheoirí agus cliaint i gcás tarraingt siar nó neamhleanúnachais de chead sonrach nó scor an ghnó dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo. Leagfar amach sa straitéis aistrithe conas a dhéanfar cliaint, go háirithe infheisteoirí miondíola, a chosaint ar aon tionchar díréireach a d'fhéadfadh teacht ón tarraingt siar nó neamhleanúnachas de chead sonrach nó ó scor an ghnó. Déanfar an straitéis aistrithe a nuashonrú ar bhonn leanúnach faoi réir formheas a fháil roimh ré ón údarás inniúil.

Sonrófar sa straitéis aistrithe an méid a bheidh le déanamh i gcás ina sárófar an tairseach dá dtagraítear in Airteagal 3(3).

8. Maidir le gnólachtaí infheistíochta nó oibreoirí margaidh nach gceadaítear dóibh ach amháin MTF DLT a oibriú faoi Airteagal 8(2) den Rialachán seo agus nach léirítear ina straitéisí aistrithe go bhfuil sé ar intinn acu údarú a fháil chun saoráid trádála iltaobhach a oibriú faoi Threoir 2014/65/AE, mar aon le CSD a bhfuil TSS DLT á oibriú aici, déanfaidh siad a ndícheall socruithe a thabhairt i gcrích le gnólachtaí infheistíochta nó oibreoirí margaidh a bhfuil saoráid trádála iltaobhach á hoibriú acu faoi Threoir 2014/65/AE chun sealbhú a ghlacadh ar a n-oibríochtaí, agus sonróidh siad na socruithe sin ina straitéisí aistrithe.

9. Maidir le CSDanna a bhfuil SS DLT á oibriú acu agus nach gceadaítear dóibh ach SS DLT a oibriú faoi Airteagal 9(2) den Rialachán seo agus nach léirítear ina straitéisí aistrithe go bhfuil sé ar intinn acu údarú a fháil chun córas socraíochta urrús a oibriú faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, agus gnólachtaí infheistíochta nó oibreoirí margaidh a bhfuil TSS DLT á oibriú acu, déanfaidh siad a ndícheall socruithe a thabhairt i gcrích le CSDanna a bhfuil córas socraíochta urrús á oibriú acu chun ceannas a ghlacadh ar a n-oibríochtaí, agus sonróidh siad na socruithe sin ina straitéisí aistrithe.

Maidir le CSDanna a bhfuil córas socraíochta urrús á oibriú acu agus a gheobhaidh iarraidh chun na socruithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a thabhairt i gcrích, tabharfaidh siad freagra laistigh de 3 mhí ón dáta a bhfaighfear an t-iarratas. Déanfaidh CSD a bhfuil an córas socraíochta urrús á oibriú aici na socruithe a thabhairt i gcrích ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus féadfaidh sí táille tráchtála réasúnta a ghearradh bunaithe ar chostais iarbhír. Ní dhiúltóidh CSD don iarraidh sin ach amháin i gcás ina measfaidh sí go ndéanfadh na socruithe difear d’fheidhmiú réidh agus rianúil na margaí airgeadais nó go mbeidís ina siocair le riosca sistéamach. Ní fhéadfaidh sí diúltú d’iarraidh ar na forais go gcaillfear sciar den mhargadh. Má dhiúltaíonn sí d’iarraidh, déanfaidh sí na cúiseanna atá aici a chur in iúl i scríbhinn d’oibreoir bhonneagar margaidh DLT a rinne an iarraidh.

10. Beidh na socruithe dá dtagraítear i míreanna 8 agus 9 i bhfeidhm tráth nach déanaí ná 5 bliana ón dáta a dheonófar an cead sonrach, nó beidh na socruithe sin i bhfeidhm ar dháta níos luaithe má éilíonn an t-údarás inniúil é chun aghaidh a thabhairt ar aon riosca a bhaineann le foirceannadh luath an cheada shonraigh.

*Airteagal 8*

*Cead sonrach chun MTF DLT a oibriú*

1. Féadfaidh duine dlítheanach atá údaraithe mar ghnólacht infheistíochta nó chun margadh rialáilte a oibriú faoi Threoir 2014/65/AE, cead sonrach a iarraidh chun MTF DLT a oibriú faoin Rialachán seo.

2. I gcás ina ndéanfaidh duine dlítheanach iarratas ar údarú mar ghnólacht infheistíochta, nó ar údarú chun margadh rialáilte a oibriú faoi Threoir 2014/65/AE agus, go comhuaineach, ina ndéanfaidh sé iarratas ar chead sonrach faoin Airteagal seo, chun MTF DLT a oibriú, agus chun na críche sin amháin, ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil a mheas an gcomhlíonann an t-iarratasóir na ceanglais sin de Threoir 2014/65/AE ar ina leith a rinne an t-iarratasóir iarraidh ar dhíolúine i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo.

3. I gcás, mar a thagraítear dó i mír 2 den Airteagal seo, ina ndéanfaidh duine dlítheanach iarratas go comhuaineach ar údarú mar ghnólacht infheistíochta, nó ar údarú chun margadh rialáilte a oibriú agus iarratas ar chead sonrach, cuirfidh sé isteach ina iarratas an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 7 de Threoir 2014/65/AE, seachas faisnéis a bheadh riachtanach chun comhlíonadh na ceanglais ar iarr an t-iarratasóir díolúine ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo a léiriú.

4. Beidh an fhaisnéis seo a leanas in iarratas ar chead sonrach chun MTF DLT a oibriú faoin Rialachán seo:

(a) plean gnó an iarratasóra, rialacha MTF DLT agus aon téarmaí dlíthiúla dá dtagraítear in Airteagal 7(1), chomh maith leis an bhfaisnéis maidir le feidhmiú, seirbhísí agus gníomhaíochtaí MTF DLT dá dtagraítear in Airteagal 7(3);

(b) tuairisc ar fheidhmiú na teicneolaíochta mórleabhar dáilte a úsáidtear, dá dtagraítear in Airteagal 7(2);

(c) cur síos ar shocruithe teicneolaíochta faisnéise agus cibearshocruithe foriomlána an iarratasóra dá dtagraítear in Airteagal 7(4);

(d) fianaise go bhfuil go leor coimircí stuamachta curtha i bhfeidhm ag an iarratasóir chun freastal ar a chuid dliteanas agus chun cúiteamh a thabhairt dá chliaint, dá dtagraítear in Airteagal 7(6), an tríú fomhír;

(e) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar na socruithe slánchoinneála maidir le hionstraimí airgeadais DLT de chuid cliant dá dtagraítear in Airteagal 7(5);

(f) tuairisc ar na socruithe chun cosaint infheisteoirí a áirithiú agus tuairisc ar na sásraí chun gearáin agus sásamh ó chliaint a láimhseáil, dá dtagraítear in Airteagal 7(6), an dara fomhír;

(g) straitéis aistrithe an iarratasóra; agus

(h) na díolúintí atá á n-iarraidh ag an iarratasóir faoi Airteagal 4, an t-údar cuí a bhaineann le gach díolúine atá á hiarraidh agus aon bheart cúiteach a mholtar agus na modhanna atá beartaithe ag an iarratasóir chun na coinníollacha a ghabhann leis na díolúintí sin a chomhlíonadh.

5. Faoi ... [naoi mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh ESMA treoirlínte chun foirmeacha caighdeánacha, formáidí caighdeánacha agus teimpléid chaighdeánacha a bhunú chun críocha mhír 4.

6. Laistigh de 30 lá oibre ón dáta a fhaightear iarratas ar chead sonrach chun MTF DLT a oibriú, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú i dtaobh an bhfuil an t-iarratas comhlánaithe. Mura mbeidh an t-iarratas comhlánaithe, leagfaidh an t-údarás inniúil teorainn ama síos faoina gcaithfidh an t-iarratasóir an fhaisnéis atá ar iarraidh nó aon fhaisnéis bhreise a sholáthar. Cuirfidh an t-údarás inniúil an t-iarratasóir ar an eolas nuair a mheasfar an t-iarratas a bheith comhlánaithe.

A luaithe a mheasfaidh an t-údarás inniúil go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe, cuirfidh sé cóip den iarratas sin chuig ESMA.

7. I gcás inar gá sin chun comhsheasmhacht agus comhréireacht díolúintí a chur chun cinn, nó i gcás inar gá sin chun cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú, soláthróidh ESMA tuairim neamhcheangailteach don údarás inniúil maidir leis na díolúintí a iarradh nó maidir le leormhaitheas chineál na teicneolaíochta mórleabhar dáilte a úsáidtear chun críocha an Rialacháin seo, laistigh de 30 lá féilire ón uair a gheobhaidh sé an chóip den iarratas sin.

Sula n-eiseoidh sé tuairim neamhcheangailteach, rachaidh ESMA i gcomhairle le húdaráis inniúla na mBallstát eile agus cuirfidh sé a dtuairimí go mór san áireamh agus a thuairim á heisiúint aige.

I gcás ina n-eiseoidh ESMA tuairim neamhcheangailteach, tabharfaidh an t-údarás inniúil aird chuí ar an tuairim sin agus tabharfaidh sé ráiteas do ESMA maidir le haon imeacht suntasach ón tuairim sin má iarrann ESMA amhlaidh. Ní dhéanfar tuairim ESMA ná ráiteas an údaráis inniúil a phoibliú.

8. Faoi ... [dhá bhliain ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh ESMA treoirlínte chun comhsheasmhacht agus comhréireacht na nithe seo a leanas a chur chun cinn:

(a) díolúintí a dheonaítear d'oibreoirí MTFanna DLT ar fud an Aontais, lena n-áirítear i gcomhthéacs meastóireacht a dhéanamh ar leormhaitheas na gcineálacha éagsúla teicneolaíochta mórleabhar dáilte a úsáideann oibreoirí MTFanna DLT chun críocha an Rialacháin seo; agus

(b) feidhmiú na rogha dá bhforáiltear in Airteagal 3(6).

Áiritheofar leis na treoirlínte sin cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais.

Déanfaidh ESMA na treoirlínte sin a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil.

9. Laistigh de 90 lá oibre ón dáta a fhaightear iarratas comhlánaithe ar chead sonrach chun MTF DLT a oibriú, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an iarratas agus cinnfidh sé i dtaobh an ndeonófar an cead sonrach. I gcás ina ndéanfaidh iarratasóir iarratas ar údarú faoi Threoir 2014/65/AE agus cead sonrach faoin Rialachán seo, féadfar síneadh breise a chur leis an tréimhse mheasúnaithe suas go dtí an tréimhse a shonraítear in Airteagal 7(3) de Threoir 2014/65/AE.

10. Gan dochar d'Airteagail 7 agus 44 de Threoir 2014/65/AE, diúltóidh an t-údarás inniúil cead sonrach a thabhairt maidir le MTF DLT a oibriú faoin Rialachán seo, má tá forais ann chun é sin a chreidiúint:

(a) gur ann do rioscaí suntasacha do chosaint infheisteoirí, do shláine an mhargaidh nó do chobhsaíocht airgeadais nach bhfuil aghaidh tugtha ag an iarratasóir orthu ná maolaithe mar is ceart aige;

(b) go bhfuil an cead sonrach chun MTF DLT a oibriú agus na díolúintí iarrtha á lorg chun dul timpeall ar cheanglais dhlíthiúla nó rialála; nó

(c) nach mbeidh oibreoir MTF DLT in ann na forálacha is infheidhme de dhlí an Aontais nó le forálacha den dlí náisiúnta nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais a chomhlíonadh nó nach lamhálfaidh sé dá úsáideoirí na forálacha sin a chomhlíonadh.

11. Beidh cead sonrach bailí ar fud an Aontais ar feadh tréimhse suas le sé bliana ó dháta na heisiúna. Sonrófar sa chead sonrach na díolúintí a dheonaítear i gcomhréir le hAirteagal 4, aon bhearta cúitimh agus aon tairseacha níos ísle arna socrú ag an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 3(6).

Cuirfidh an t-údarás inniúil ESMA ar an eolas gan mhoill maidir le cead sonrach a thabhairt, a dhiúltú nó a tharraingt siar faoin Airteagal seo, lena n-áirítear aon fhaisnéis a shonraítear faoin gcéad fhomhír den mhír seo.

Foilseoidh ESMA ar a shuíomh gréasáin:

(a) liosta de MTFanna DLT, dátaí tosaithe agus críochnaithe na gceadanna sonracha, liosta na ndíolúintí a dheonaítear do gach ceann díobh agus aon tairseacha níos ísle a leagann na húdaráis inniúla síos do gach ceann díobh; agus

(b) líon iomlán na n-iarratas ar dhíolúintí a rinneadh faoi Airteagal 4, ina sonraítear líon agus cineálacha na ndíolúintí a ghlactar nó a dhiúltaítear, in éineacht leis na boinn chirt d’aon diúltuithe.

Foilseofar an fhaisnéis dá dtagraítear sa tríú fomhír, pointe (b), ar bhonn anaithnid.

12. Gan dochar d’Airteagail 8 agus 44 de Threoir 2014/65/AE, tarraingeoidh an t-údarás inniúil siar cead sonrach nó aon díolúintí gaolmhara sna cásanna seo a leanas:

(a) gur aimsíodh locht i bhfeidhmiú na teicneolaíochta mórleabhar dáilte nó sna seirbhísí agus sna gníomhaíochtaí arna soláthar ag an oibreoir MTF DLT ar baol é do chosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh, nó cobhsaíocht airgeadais, agus gur mó é an baol ná sochair na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí faoi thástáil;

(b) gur sháraigh oibreoir an MTF DLT na coinníollacha a bhaineann leis na díolúintí;

(c) gur admhaigh oibreoir an MTF DLT go raibh ionstraimí airgeadais á dtrádáil aige nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3(1);

(d) gur sháraigh oibreoir an MTF DLT an tairseach dá dtagraítear in Airteagal 3(2);

(e) gur sháraigh oibreoir MTF DLT na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 3(3) agus nach ndearna an straitéis aistrithe a ghníomhachtú; nó

(f) go bhfuair oibreoir MTF DLT an cead sonrach nó díolúintí gaolmhara ar bhonn faisnéis mhíthreorach nó easnamh ábhartha.

13. I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag oibreoir MTF DLT athrú ábhartha a thabhairt isteach ar fheidhmiú na teicneolaíochta mórleabhar dáilte arna húsáid, nó ar sheirbhísí nó gníomhaíochtaí an oibreora sin, agus ina n-éilítear cead sonrach nua leis an athrú ábhartha sin, iarrfaidh oibreoir MTF DLT cead sonrach nua, nó modhnú ar cheann amháin nó níos mó de dhíolúintí an oibreora atá ann cheana nó ar aon choinníollacha a ghabhann le díolúine, iarrfaidh oibreoir MTF DLT cead, díolúine nó modhnú sonrach nua.

I gcás ina n-iarrann oibreoir MTF DLT, cead nó díolúine nua le linn a ghníomhaíochta, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 4. Déanfaidh an t-údarás inniúil an iarraidh sin a phróiseáil i gcomhréir leis an Airteagal seo.

*Airteagal 9*

*Cead sonrach chun SS DLT a oibriú*

1. Féadfaidh duine dlítheanach a údaraítear mar CSD faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 iarratas a chur isteach ar chead sonrach SS DLT a oibriú faoin Rialachán seo.

2. I gcás ina ndéanfaidh duine dlítheanach iarratas ar údarú mar CSD faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus go comhuaineach ina ndéanfaidh sé iarratas ar chead sonrach faoin Airteagal seo, chun SS DLT a oibriú, agus chun na críche sin amháin, ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil a mheas an gcomhlíonann an t-iarratasóir na ceanglais sin de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a ndearnadh an t-iarratasóir iarraidh ar dhíolúine ina leith i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo.

3. Más rud é, mar a thagraítear dó i mír 2 den Airteagal seo, ina ndéanfaidh duine dlítheanach iarratas go comhuaineach ar údarú mar CSD agus ar iarratas ar chead sonrach, cuirfidh sé isteach ina iarratas an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, seachas faisnéis a bheadh riachtanach chun comhlíonadh na ceanglais ar iarr an t-iarratasóir díolúine ina leith i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo a léiriú.

4. Beidh an fhaisnéis seo a leanas in iarratas ar chead sonrach chun SS DLT a oibriú faoin Rialachán seo:

(a) plean gnó an iarratasóra, rialacha SS DLT agus aon téarmaí dlíthiúla dá dtagraítear in Airteagal 7(1), chomh maith leis an bhfaisnéis maidir le feidhmiú, seirbhísí agus gníomhaíochtaí SS DLT dá dtagraítear in Airteagal 7(3);

(b) tuairisc ar fheidhmiú na teicneolaíochta mórleabhar dáilte a úsáidtear, dá dtagraítear in Airteagal 7(2);

(c) tuairisc ar shocruithe teicneolaíochta faisnéise agus cibearshocruithe foriomlána an iarratasóra dá dtagraítear in Airteagal 7(4);

(d) fianaise go bhfuil coimircí stuamachta curtha i bhfeidhm ag an iarratasóir chun freastal ar a chuid dliteanas agus chun cúiteamh a thabhairt dá chliaint, dá dtagraítear in Airteagal 7(6), an tríú fomhír;

(e) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar na socruithe slánchoinneála maidir le hionstraimí airgeadais DLT de chuid cliant dá dtagraítear in Airteagal 7(5);

(f) tuairisc ar na socruithe chun cosaint infheisteoirí a áirithiú agus tuairisc ar na sásraí chun gearáin agus sásamh ó chliaint a láimhseáil, dá dtagraítear in Airteagal 7(6), an dara fomhír;

(g) straitéis aistrithe an iarratasóra; agus

(h) an díolúine atá á hiarraidh ag an iarratasóir faoi Airteagal 5, an t-údar cuí a bhaineann le gach díolúine atá á hiarraidh agus aon bheart cúiteach a mholtar agus na modhanna atá beartaithe ag an iarratasóir chun na coinníollacha a ghabhann leis na díolúintí sin a chomhlíonadh.

5. Faoi ... [naoi mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh ESMA treoirlínte chun foirmeacha, formáidí agus teimpléid chaighdeánacha a bhunú chun críocha mhír 4.

6. Laistigh de 30 lá oibre ón dáta a fhaightear iarratas ar chead sonrach chun SS DLT a oibriú, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú i dtaobh an bhfuil an t-iarratas comhlánaithe. Mura mbeidh an t-iarratas comhlánaithe, leagfaidh an t-údarás inniúil teorainn ama síos faoina gcaithfidh an t-iarratasóir an fhaisnéis atá ar iarraidh nó aon fhaisnéis bhreise a sholáthar. Cuirfidh an t-údarás inniúil an t-iarratasóir ar an eolas nuair a mheasfar an t-iarratas a bheith comhlánaithe.

A luaithe a mheasfaidh an t-údarás inniúil go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe, cuirfidh sé cóip den iarratas sin chuig:

(a) ESMA; agus

(b) na húdaráis ábhartha a shonraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.

7. I gcás inar gá sin chun comhsheasmhacht agus comhréireacht díolúintí a chur chun cinn, nó i gcás inar gá sin chun cosaint infheisteoirí, sláine margaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú, soláthróidh ESMA tuairim neamhcheangailteach don údarás inniúil maidir leis na díolúintí arna n-iarraidh nó maidir le leormhaitheas chineál na teicneolaíochta mórleabhar dáilte a úsáidtear chun críocha an Rialacháin seo, laistigh de 30 lá féilire ón uair a gheobhaidh sé an chóip den iarratas sin.

Sula n-eiseoidh sé tuairim neamhcheangailteach, rachaidh ESMA i gcomhairle le húdaráis inniúla na mBallstát eile agus cuirfidh sé a dtuairimí go mór san áireamh agus a thuairim á heisiúint aige.

I gcás ina n-eiseoidh ESMA tuairim neamhcheangailteach, tabharfaidh an t-údarás inniúil aird chuí ar an tuairim sin agus tabharfaidh sé ráiteas do ESMA maidir le haon imeacht suntasach ón tuairim sin má iarrann ESMA amhlaidh. Ní dhéanfar tuairim ESMA ná ráiteas an údaráis inniúil a phoibliú.

Tabharfaidh na húdaráis ábhartha a shonraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 tuairim neamhcheangailteach don údarás inniúil maidir leis na gnéithe de SS DLT a oibríonn an t-iarratasóir laistigh de 30 lá féilire tar éis dóibh cóip den iarratas sin a fháil.

8. Faoi ... [dhá bhliain ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh ESMA treoirlínte chun comhsheasmhacht agus comhréireacht na nithe seo a leanas a chur chun cinn:

(a) díolúintí a dheonaítear do CSDanna a oibríonn SSanna DLT ar fud an Aontais, lena n-áirítear i gcomhthéacs meastóireacht a dhéanamh ar leormhaitheas na gcineálacha éagsúla teicneolaíochta mórleabhar dáilte a úsáideann oibreoirí chun críocha an Rialacháin seo; agus

(b) feidhmiú na rogha dá bhforáiltear in Airteagal 3(6).

Áiritheofar leis na treoirlínte sin cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais.

Déanfaidh ESMA na treoirlínte sin a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil.

9. Laistigh de 90 lá oibre ón dáta a fhaightear iarratas ar chead sonrach chun SS DLT a oibriú, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an iarratas agus cinnfidh sé i dtaobh an ndeonófar an cead sonrach. I gcás ina ndéanfaidh iarratasóir iarratas go comhuaineach ar údarú mar CSD de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus ar chead sonrach faoin Rialachán seo, féadfar ré an mheasúnaithe a fhadú go ceann tréimhse bhreise suas go dtí an ré dá bhforáiltear in Airteagal 17(8) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.

10. Gan dochar d'Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, diúltóidh an t-údarás inniúil cead sonrach chun SS DLT a oibriú faoin Rialachán sin má tá forais ann chun an méid seo a leanas a chreidiúint:

(a) gur ann do rioscaí suntasacha do chosaint infheisteoirí, do shláine an mhargaidh nó do chobhsaíocht airgeadais nach bhfuil aghaidh tugtha ag an iarratasóir orthu ná maolaithe mar is ceart aige;

(b) go bhfuil cead sonrach chun SS DLT a oibriú agus na díolúintí iarrtha á lorg chun dul timpeall ar cheanglais dhlíthiúla nó rialála; nó

(c) nach mbeidh an CSD in ann na forálacha is infheidhme de dhlí an Aontais nó le forálacha den dlí náisiúnta nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais a chomhlíonadh nó nach lamhálfaidh sé dá úsáideoirí na forálacha sin a chomhlíonadh.

11. Beidh cead sonrach bailí ar fud an Aontais ar feadh tréimhse suas le sé bliana ó dháta na heisiúna. Sonrófar sa chead sonrach na díolúintí a dheonaítear i gcomhréir le hAirteagal 5, aon bhearta cúitimh agus aon tairseacha níos ísle arna socrú ag an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 3(6).

Cuirfidh an t-údarás inniúil ESMA agus na húdaráis ábhartha a shonraítear i mír 7 den Airteagal sin ar an eolas gan mhoill maidir le cead sonrach a thabhairt, a dhiúltú nó a tharraingt siar faoin Airteagal seo, lena n-áirítear aon fhaisnéis a shonraítear faoin gcéad fhomhír den mhír sin.

Foilseoidh ESMA ar a shuíomh gréasáin:

(a) liosta de SSanna DLT, dátaí tosaithe agus críochnaithe na gceadanna sonracha, liosta na ndíolúintí a dheonaítear do gach ceann díobh, agus aon tairseacha níos ísle a leagann na húdaráis inniúla síos do gach ceann díobh; agus

(b) líon iomlán na n-iarratas ar dhíolúintí a rinneadh faoi Airteagal 5, ina sonraítear líon agus cineálacha na ndíolúintí a ghlactar nó a dhiúltaítear, in éineacht leis na boinn chirt d'aon diúltuithe.

Foilseofar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) den tríú fomhír, ar bhonn anaithnid.

12. Gan dochar d'Airteagal 20 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, tarraingeoidh an t-údarás inniúil siar cead sonrach nó aon díolúintí gaolmhara siar i gcás:

(a) inar aimsíodh locht i bhfeidhmiú chineál na teicneolaíochta mórleabhar dáilte nó sna seirbhísí agus sna gníomhaíochtaí arna soláthar ag CSD a oibríonn SS DLT ar baol é do chosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh, nó cobhsaíocht airgeadais, agus gur mó é an baol ná sochair na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí faoi thástáil;

(b) inar sháraigh CSD a oibríonn SS DLT na coinníollacha a bhaineann leis na díolúintí;

(c) inar admhaigh oibreoir CSD a oibríonn SS DLT go raibh ionstraimí airgeadais á dtaifead aige nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3(1);

(d) inar sháraigh CSD a oibríonn SS DLT an tairseach dá dtagraítear in Airteagal 3(2);

(e) inar sháraigh CSD a oibríonn SS DLT na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 3(3) agus nach ndearna an straitéis aistrithe a ghníomhachtú; nó

(f) ina bhfuair CSD a oibríonn SS DLT an cead sonrach nó díolúintí gaolmhara ar bhonn faisnéis mhíthreorach nó easnamh ábhartha.

13. I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag CSD a oibríonn SS DLT athrú ábhartha a thabhairt isteach ar fheidhmiú na teicneolaíochta mórleabhar dáilte arna húsáid, nó ar sheirbhísí nó gníomhaíochtaí CSD sin, agus ina n-éilítear cead sonrach nua leis an athrú ábhartha sin, iarrfaidh oibreoir SS DLT cead sonrach nua, nó modhnú ar cheann amháin nó níos mó de dhíolúintí CSD den sórt sin atá ann cheana nó ar aon choinníollacha a ghabhann le díolúine, iarrfaidh CSD a oibríonn SS DLT cead, díolúine nó modhnú sonrach nua.

I gcás ina n-iarrann CSD a oibríonn SS DLT, cead nó díolúine nua le linn a ghníomhaíochta, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 5. Déanfaidh an t-údarás inniúil an iarraidh sin a phróiseáil, i gcomhréir leis an Airteagal sin.

*Airteagal 10*

*Cead sonrach chun TSS DLT a oibriú*

1. Féadfaidh duine dlítheanach atá údaraithe mar ghnólacht infheistíochta nó atá údaraithe chun margadh rialáilte a oibriú faoi Threoir 2014/65/AE, nó atá údaraithe mar CSD faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 cead sonrach a iarraidh chun TSS DLT a oibriú faoin Rialachán seo.

2. I gcás ina ndéanfaidh duine dlítheanach iarratas ar údarú mar ghnólacht infheistíochta, nó ar údarú chun margadh rialáilte a oibriú faoi Threoir 2014/65/AE, nó ar údarú mar CSD faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus, go comhuaineach, ina ndéanfaidh sé iarratas ar chead sonrach faoin Airteagal seo, chun TSS DLT a oibriú, agus chun na críche sin amháin, ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil a mheas an gcomhlíonann an t-iarratasóir na ceanglais sin de Threoir 2014/65/AE nó na ceanglais de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a ndearnadh an t-iarratasóir iarraidh ar dhíolúine ina leith i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán seo.

3. Más rud é, mar a thagraítear dó i mír 2 den Airteagal seo, ina ndéanfaidh duine dlítheanach iarratas go comhuaineach ar údarú mar ghnólacht infheistíochta, nó ar údarú chun margadh rialáilte a oibriú, nó ar údarú mar CSD, agus ar iarratas ar chead sonrach, cuirfidh sé isteach ina iarratas an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 7 de Threoir 2014/65/AE nó d’Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 faoi seach, seachas faisnéis a bheadh riachtanach chun comhlíonadh na ceanglais ar iarr an t-iarratasóir díolúine ina leith i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán seo a léiriú.

4. Beidh an fhaisnéis seo a leanas in iarratas ar chead sonrach chun SS DLT a oibriú faoin Rialachán seo:

(a) plean gnó an iarratasóra, rialacha TSS DLT agus aon téarmaí dlíthiúla dá dtagraítear in Airteagal 7(1) chomh maith leis an bhfaisnéis maidir le feidhmiú, seirbhísí agus gníomhaíochtaí TSS DLT dá dtagraítear in Airteagal 7(3);

(b) tuairisc ar fheidhmiú na teicneolaíochta mórleabhar dáilte a úsáidtear, dá dtagraítear in Airteagal 7(2);

(c) tuairisc ar shocruithe teicneolaíochta faisnéise agus cibearshocruithe foriomlána an iarratasóra dá dtagraítear in Airteagal 7(4);

(d) fianaise go bhfuil coimircí stuamachta curtha i bhfeidhm ag an iarratasóir chun freastal ar a chuid dliteanas agus chun cúiteamh a thabhairt dá chliaint, dá dtagraítear in Airteagal 7(6), an tríú fomhír;

(e) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar na socruithe slánchoinneála maidir le hionstraimí airgeadais DLT de chuid cliant dá dtagraítear in Airteagal 7(5);

(f) tuairisc ar na socruithe chun cosaint infheisteoirí a áirithiú agus tuairisc ar na sásraí chun gearáin agus sásamh ó chliaint a láimhseáil, dá dtagraítear in Airteagal 7(6), an dara fomhír;

(g) straitéis aistrithe an iarratasóra; agus

(h) na díolúintí atá á n-iarraidh ag an iarratasóir faoi Airteagal 6, an t-údar cuí a bhaineann le gach díolúine atá á hiarraidh agus aon bheart cúiteach a mholtar agus na modhanna atá beartaithe ag an iarratasóir chun na coinníollacha a ghabhann leis na díolúintí sin a chomhlíonadh.

5. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, déanfaidh iarratasóir a bhfuil sé beartaithe aige TSS DLT a oibriú mar ghnólacht infheistíochta nó mar oibreoir margaidh, an fhaisnéis a thíolacadh faoin gcaoi a bhfuil sé beartaithe aige ceanglais infheidhme Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Rialachán seo a chomhlíonadh, seachas faisnéis a bheadh riachtanach chun comhlíonadh na n-oibleagáidí ar iarr an t-iarratasóir díolúine ina leith i gcomhréir leis an Airteagal sin a léiriú.

De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, déanfaidh iarratasóir a mbeidh sé beartaithe aige TSS DLT a oibriú mar CSD an fhaisnéis a thíolacadh maidir leis an gcaoi a mbeidh sé beartaithe aige ceanglais infheidhme Threoir 2014/65/AE dá dtagraítear in Airteagal 6(2) den Rialachán seo a chomhlíonadh, seachas faisnéis a bheadh riachtanach chun comhlíonadh na n-oibleagáidí ar iarr an t-iarratasóir díolúine ina leith i gcomhréir leis an Airteagal sin a léiriú.

6. Faoi ... [naoi mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh ESMA treoirlínte chun foirmeacha caighdeánacha, formáidí caighdeánacha agus teimpléid chaighdeánacha a bhunú chun críocha mhír 4.

7. Laistigh de 30 lá oibre ón dáta a fhaightear iarratas ar chead sonrach chun TSS DLT a oibriú, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú i dtaobh an bhfuil an t-iarratas comhlánaithe. Mura mbeidh an t-iarratas comhlánaithe, leagfaidh an t-údarás inniúil teorainn ama síos faoina gcaithfidh an t-iarratasóir an fhaisnéis atá ar iarraidh nó aon fhaisnéis bhreise a sholáthar. Cuirfidh an t-údarás inniúil an t-iarratasóir ar an eolas nuair a mheasfar an t-iarratas a bheith comhlánaithe.

A luaithe a mheasfaidh an t-údarás inniúil go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe, cuirfidh sé cóip den iarratas sin chuig:

(a) ESMA; agus

(b) na húdaráis ábhartha a shonraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.

8. I gcás inar gá sin chun comhsheasmhacht agus comhréireacht díolúintí a chur chun cinn, nó i gcás inar gá sin chun cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú, soláthróidh ESMA tuairim neamhcheangailteach don údarás inniúil maidir leis na díolúintí arna n-iarraidh nó maidir le leormhaitheas chineál na teicneolaíochta mórleabhar dáilte a úsáidtear chun críocha an Rialacháin seo, laistigh de 30 lá féilire ón uair a gheobhaidh sé an chóip den iarratas sin.

Sula n-eiseoidh sé tuairim neamhcheangailteach, rachaidh ESMA i gcomhairle le húdaráis inniúla na mBallstát eile agus cuirfidh sé a dtuairimí go mór san áireamh agus a thuairim á heisiúint aige.

I gcás ina n-eiseoidh ESMA tuairim neamhcheangailteach, tabharfaidh an t-údarás inniúil aird chuí ar an tuairim sin agus tabharfaidh sé ráiteas do ESMA maidir le haon imeacht suntasach ón tuairim sin má iarrann ESMA amhlaidh. Ní dhéanfar tuairim ESMA ná ráiteas an údaráis inniúil a phoibliú.

Tabharfaidh na húdaráis ábhartha a shonraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 tuairim neamhcheangailteach don údarás inniúil maidir leis na gnéithe den TSS DLT a oibríonn an t-iarratasóir laistigh de 30 lá féilire tar éis dóibh cóip den iarratas sin a fháil.

9. Laistigh de 90 lá oibre ón dáta a fhaightear iarratas comhlánaithe ar chead sonrach chun TSS DLT a oibriú, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an iarratas agus cinnfidh sé i dtaobh an ndeonófar an cead sonrach. I gcás ina ndéanfaidh iarratasóir iarratas go comhuaineach ar údarú faoi Threoir 2014/65/AE nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus ar chead sonrach faoin Rialachán seo, féadfar ré an mheasúnaithe a fhadú go ceann tréimhse breise suas go dtí an ré dá bhforáiltear in Airteagal 7(3) de Threoir 2014/65/EU nó d'Airteagal 17(8) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 faoi seach.

10. Gan dochar d'Airteagail 7 agus 44 de Threoir 2014/65/EU agus d'Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, diúltóidh an t-údarás inniúil cead sonrach chun TSS DLT a oibriú a dheonú má tá forais ann chun an méid seo a leanas a chreidiúint:

   (a) gur ann do rioscaí suntasacha do chosaint infheisteoirí, do shláine an mhargaidh nó do chobhsaíocht airgeadais nach bhfuil aghaidh tugtha ag an iarratasóir orthu ná maolaithe mar is ceart aige;

   (b) go bhfuil cead sonrach chun TSS DLT a oibriú agus na díolúintí iarrtha á lorg chun dul timpeall ar cheanglais dhlíthiúla nó rialála; nó

   (c) nach mbeidh oibreoir TSS DLT in ann na forálacha is infheidhme de dhlí an Aontais nó le forálacha den dlí náisiúnta nach dtagann faoi raon feidhme Dhlí an Aontais a chomhlíonadh nó nach lamhálfaidh sé dá úsáideoirí na forálacha sin a chomhlíonadh.

11. Beidh cead sonrach bailí ar fud an Aontais ar feadh tréimhse suas le sé bliana ó dháta na heisiúna. Sonrófar sa chead sonrach na díolúintí a dheonaítear i gcomhréir le hAirteagal 6, aon bhearta cúitimh agus aon tairseacha níos ísle arna socrú ag an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 3(6).

Cuirfidh an t-údarás inniúil ESMA agus na húdaráis ábhartha a shonraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 sin ar an eolas gan mhoill maidir le cead sonrach a thabhairt, a dhiúltú nó a tharraingt siar faoin Airteagal seo, lena n-áirítear aon fhaisnéis a shonraítear faoin gcéad fhomhír den mhír sin.

Foilseoidh ESMA ar a shuíomh gréasáin:

(a) liosta de TSSanna DLT, dátaí tosaithe agus críochnaithe na gceadanna sonracha, liosta na ndíolúintí a dheonaítear do gach ceann díobh, agus aon tairseacha níos ísle a leagann na húdaráis inniúla síos do gach ceann díobh; agus

(b) líon iomlán na n-iarratas ar dhíolúintí a rinneadh faoi Airteagal 6, ina sonraítear líon agus cineálacha na ndíolúintí a ghlactar nó a dhiúltaítear, in éineacht leis na boinn chirt d’aon diúltuithe.

Foilseofar an fhaisnéis dá dtagraítear sa tríú fomhír, pointe (b), ar bhonn anaithnid.

12. Gan dochar d’Airteagail 8 agus 44 de Threoir 2014/65/AE agus d’Airteagal 20 de Rialachán (AE) Uimh 909/2014, tarraingeoidh an t-údarás inniúil siar cead sonrach nó aon díolúintí gaolmhara más rud é:

(a) gur aimsíodh locht i bhfeidhmiú chineál na teicneolaíochta mórleabhar dáilte nó sna seirbhísí agus sna gníomhaíochtaí arna soláthar ag CSD a oibríonn SS DLT ar baol é do chosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh, nó cobhsaíocht airgeadais, agus gur mó é an baol ná sochair na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí faoi thástáil;

(b) gur sháraigh oibreoir TSS DLT na coinníollacha a bhaineann leis na díolúintí;

(c) gur admhaigh oibreoir TSS DLT go raibh ionstraimí airgeadais á dtrádáil nó á dtaifeadadh aige nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3(1);

(d) gur sháraigh oibreoir TSS DLT an tairseach dá dtagraítear in Airteagal 3(2);

(e) gur sháraigh oibreoir TSS DLT na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 3(3) agus nach ndearna an straitéis aistrithe a ghníomhachtú; nó

(f) go bhfuair oibreoir TSS DLT an cead sonrach nó díolúintí gaolmhara ar bhonn faisnéis mhíthreorach nó easnamh ábhartha.

13. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag oibreoir TSS DLT athrú ábhartha a thabhairt isteach ar fheidhmiú na teicneolaíochta mórleabhar dáilte arna húsáid, nó ar sheirbhísí nó gníomhaíochtaí an oibreora sin, agus ina n-éilítear cead sonrach nua leis an athrú ábhartha sin, iarrfaidh oibreoir TSS DLT cead sonrach nua, nó modhnú ar cheann amháin nó níos mó de dhíolúintí an oibreora atá ann cheana nó ar aon choinníollacha a ghabhann le díolúine, iarrfaidh oibreoir MTF DLT cead, díolúine nó modhnú sonrach nua.

I gcás ina n-iarrann oibreoir TSS DLT, cead nó díolúine nua le linn a ghníomhaíochta, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 6. Déanfaidh an t-údarás inniúil an iarraidh sin a phróiseáil, i gcomhréir leis an Airteagal sin.

*Airteagal 11*

*Comhoibriú idir oibreoirí bonneagair mhargaidh DLT,*
*údaráis inniúla agus ESMA*

1. Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 agus do Threoir 2014/65/AE, oibreoidh oibreoirí bonneagair mhargaidh DLT i gcomhar leis na húdaráis inniúla.

Go háirithe, tabharfaidh oibreoirí bhonneagair margaidh DLT fógra dá n-údaráis inniúla gan mhoill a luaithe a bheidh siad ar an eolas faoi aon cheann de na hábhair seo a leanas:

(a) aon athrú ábhartha beartaithe ar a bplean gnó, lena n-áirítear athruithe i ndáil leis an bhfoireann chriticiúil, rialacha bhonneagair mhargaidh DLT agus na téarmaí dlíthiúla;

(b) aon fhianaise ar rochtain neamhúdaraithe, mífheidhmiú ábhartha, caillteanas, cibear-ionsaithe nó cibearbhagairtí eile, calaois, goid nó faillí thromchúiseach a bhain d’oibreoir an bhonneagair margaidh DLT;

(c) aon athrú ábhartha ar an bhfaisnéis a soláthraíodh don údarás inniúil;

(d) aon deacrachtaí teicniúla nó oibríochtúla maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanamh nó na seirbhísí a sholáthar atá faoi réir an cheada shonraigh, lena n-áirítear deacrachtaí a bhaineann le forbairt nó le húsáid na teicneolaíochta mórleabhar dáilte agus ionstraimí airgeadais DLT; nó

(e) aon riosca a dhéanann difear do chosaint infheisteoirí, do shláine an mhargaidh nó do chobhsaíocht airgeadais atá tagtha chun cinn agus nach raibh súil leo san iarratas ina n-iarrtar cead sonrach nó nach raibh súil leo an tráth a tugadh an cead sonrach.

Tabharfar fógra faoi na hathruithe dá dtagraítear sa dara fomhír, pointe (a) ceithre mhí ar a laghad sula mbeidh an t-athrú beartaithe, gan beann ar cé acu an éilítear leis an athrú ábhartha atá beartaithe athrú ar an gcead sonrach nó ar na díolúintí nó na coinníollacha gaolmhara a bhaineann leis na díolúintí sin i gcomhréir le hAirteagal 8, 9 nó 10.

I gcás ina dtabharfar fógra faoi na hábhair a liostaítear i bpointí (a) go (e) den dara fomhír, féadfaidh an t-údarás inniúil a cheangal ar oibreoir bhonneagar margaidh DLT iarratas a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8(13), le hAirteagal 9(13) nó le hAirteagal 10(13), nó féadfaidh sé a cheangal ar oibreoir bhonneagar margaidh DLT bearta ceartaitheacha a dhéanamh dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.

2. Maidir leis an údarás inniúil, déanfaidh oibreoir bhonneagar margaidh DLT aon fhaisnéis ábhartha a theastaíonn uaidh a sholáthar dó.

3. Féadfaidh an t-údarás inniúil aon bheart ceartaitheach a cheangal i leith phlean gnó de chuid oibreoir bhonneagar margaidh DLT, ar rialacha an bhonneagair margaidh DLT agus ar théarmaí dlíthiúla chun cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Déanfaidh oibreoir bhonneagar margaidh DLT tuairisciú maidir le cur chun feidhme aon bhearta ceartaitheacha arna n-éileamh ag an údarás inniúil ina thuarascálacha dá dtagraítear i mír 4.

4. Gach sé mhí tar éis dháta an cheada shonraigh, cuirfidh oibreoir bhonneagar margaidh DLT tuarascáil faoi bhráid an údaráis inniúil. Áireofar an méid seo a leanas sa tuarascáil sin:

(a) achoimre ar an bhfaisnéis a liostaítear i mír 1, an dara fomhír;

(b) líon agus luach ionstraimí airgeadais DLT a ligtear isteach chun a dtrádála ar MTF DLT nó TSS DLT agus líon agus luach ionstraimí airgeadais DLT arna dtaifeadadh ag oibreoir SS DLT nó TSS DLT;

(c) líon agus luach na n-idirbheart arna dtrádáil ar MTF DLT nó TSS DLT agus arna socrú ag oibreoir SS DLT nó TSS DLT;

(d) measúnú réasúnaithe ar aon deacracht maidir le reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais nó le dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm; agus

(e) aon ghníomhaíochtaí a glacadh chun na coinníollacha a ghabhann leis na díolúintí a chur chun feidhme nó chun aon bheart cúiteach nó ceartaitheach arna éileamh ag an údarás inniúil a chur chun feidhme.

5. Beidh ról comhordúcháin i leith údaráis inniúla ag ESMA d'fhonn comhthuiscint a fhorbairt maidir le teicneolaíocht mórleabhar dáilte agus bonneagar margaidh DLT, d'fhonn cultúr coiteann maoirseachta agus cóineasú cleachtas maoirseachta a bhunú, agus d'fhonn cineálacha cur chuige comhsheasmhach agus cóineasú a áirithiú i dtorthaí maoirseachta.

Déanfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis agus na tuarascálacha a fhaightear ó oibreoirí bhonneagair mhargaidh DLT de bhun mhír 1, mhír 2 agus mhír 4 den Airteagal seo a chur ar aghaidh go tráthúil chuig ESMA agus cuirfidh siad ESMA ar an eolas maidir le haon bhearta a rinneadh de bhun mhír 3 den Airteagal seo.

Cuirfidh ESMA na húdaráis inniúla ar an eolas ar bhonn rialta maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aon tuarascálacha a thíolacfar de bhun mhír 4 den Airteagal seo;

(b) na ceadanna sonracha agus na díolúintí arna ndeonú faoin Rialachán seo chomh maith leis na coinníollacha a ghabhann leis na díolúintí sin;

(c) aon diúltú ag údarás inniúil cead sonrach nó díolúine a thabhairt, aon tarraingt siar ar chead sonrach nó díolúine agus aon scor de ghnó bonneagair margaidh DLT.

6. Déanfaidh ESMA faireachán ar chur i bhfeidhm ceadanna sonracha, agus aon díolúintí agus coinníollacha gaolmhara a ghabhann leis na díolúintí sin, chomh maith le haon bhearta cúiteacha nó ceartaitheacha a éilíonn na húdaráis inniúla. Cuirfidh ESMA tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an gcaoi a gcuirtear na ceadanna sonracha, na díolúintí, na coinníollacha agus na bearta cúiteacha nó ceartaitheacha sin i bhfeidhm sa chleachtas.

*Airteagal 12*

*Údaráis inniúla a ainmniú*

1. Is é an t-údarás inniúil do ghnólacht infheistíochta a bhfuil MTF DLT nó TSS DLT á oibriú aige a bheidh san údarás inniúil arna ainmniú ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointí (55)(a)(ii) agus (iii), de Threoir 2014/65/AE.

2. Is é an t-údarás inniúil do oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT nó TSS DLT á oibriú aige a bheidh san údarás inniúil arna ainmniú ag an mBallstát ina bhfuil oifig chláraithe de chuid oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT nó TSS DLT á oibriú aige suite nó, mura bhfuil aon oifig chláraithe ag an oibreoir margaidh i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin, an Ballstát ina bhfuil ceannoifig oibreoir margaidh a bhfuil MTF DLT nó TSS DLT á oibriú aige suite.

3. Is é an t-údarás inniúil do CSD a bhfuil SS DLT nó TSS DLT á oibriú aici a bheidh san údarás inniúil arna ainmniú ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 2(1), pointe (23), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014/AE.

*Airteagal 13*

*Fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla*

Tabharfaidh na Ballstáit fógra d’aon údaráis inniúla de réir bhrí Airteagal 2, pointe (21)(c), do ESMA agus don Choimisiún. Foilseoidh ESMA liosta de na húdaráis inniúla sin ar a shuíomh gréasáin.

*Airteagal 14*

*Tuairisciú agus athbhreithniú*

1. Faoi ... [thrí bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, cuirfidh ESMA tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na nithe seo a leanas:

   (a) feidhmiú bhonneagair margaidh DLT ar fud an Aontais;

   (b) líon bhonneagair mhargaidh DLT;

   (c) cineálacha na ndíolúintí arna n-iarraidh ag bonneagair mhargaidh DLT agus cineálacha na ndíolúintí a dheonaítear;

(d) líon agus luach ionstraimí airgeadais DLT a ligtear isteach chun a dtrádála agus a thaifeadtar ar bhonneagair mhargaidh DLT;

(e) líon agus luach na n-idirbheart arna dtrádáil nó arna socrú ar bhonneagair mhargaidh DLT;

(f) cineálacha na teicneolaíochta mórleabhar dáilte a úsáidtear agus saincheisteanna teicniúla a bhaineann le teicneolaíocht mórleabhar dáilte a úsáid, lena n-áirítear na hábhair a liostaítear in Airteagal 11(1), an dara fomhír, pointe (b), agus maidir leis an tionchar a bhíonn ag úsáid na teicneolaíochta mórleabhar dáilte ar chuspóirí bheartas aeráide an Aontais;

(g) na nósanna imeachta arna gcur ar bun ag oibreoirí SSanna DLT nó TSSanna DLT i gcomhréir le hAirteagal 5(3), pointe (b);

(h) aon rioscaí, leochaileachtaí nó neamhéifeachtúlachtaí a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta mórleabhar dáilte maidir le cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh nó cobhsaíocht airgeadais, lena n-áirítear aon chineálacha nua rioscaí dlíthiúla, córasacha agus oibríochtúla, nach dtugtar aghaidh leordhóthanach orthu ag reachtaíocht sheirbhísí airgeadais an Aontais, agus aon éifeachtaí neamhbheartaithe ar leachtacht, luaineacht, cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh nó cobhsaíocht airgeadais;

(i) aon rioscaí maidir le harbatráiste rialála nó saincheisteanna maidir le cothroime iomaíochta idir bonneagair mhargaidh DLT faoin gcóras píolótach dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus idir bonneagair mhargaidh DLT agus bonneagair eile mhargaidh ina n-úsáidtear córais leagáide;

(j) aon saincheisteanna a bhaineann le hidir-inoibritheacht idir bonneagair mhargaidh DLT agus bonneagair eile a bhfuil córais leagáide á n-úsáid acu;

(k) aon tairbhí agus costais a thagann as úsáid a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte i dtéarmaí leachtacht agus maoiniú breise do ghnólachtaí nuathionscanta agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, feabhsú sábháilteachta agus éifeachtúlachta, ídiú leictreachais agus maolú riosca tríd an tslabhra trádála agus iarthrádála, lena n-áirítear riosca maidir le hionstraimí airgeadais DLT a thaifeadadh agus a choinneáil slán, inrianaitheacht idirbheart agus feabhas ar chomhlíontacht le próisis 'bíodh aithne agat ar do chustaiméirí' agus próisis frithsciúrtha airgid, gníomhaíochtaí corparáideacha agus feidhmiú díreach cearta infheisteoirí trí bhíthin conarthaí cliste, feidhmeanna tuairiscithe agus maoirseachta ar leibhéal an bhonneagair margaidh DLT;

(l) aon diúltú do cheadanna sonracha nó díolúintí a thabhairt, aon mhodhnú nó tarraingt siar ar cheadanna sonracha nó díolúintí den sórt sin chomh maith le modhnú nó tarraingt siar ar bhearta cúiteacha nó ceartaitheacha;

(m) aon scor gnó ag bonneagar margaidh DLT agus na cúiseanna a bhaineann leis an scor gnó sin;

(n) oiriúnacht na dtairseach dá dtagraítear amach in Airteagal 3 agus in Airteagal 5(8), lena n-áirítear na himpleachtaí a d'fhéadfadh teacht as méadú ar na tairseacha sin, ag cur san áireamh, go háirithe, breithnithe sistéamacha agus cineálacha éagsúla teicneolaíochta mórleabhar dáilte; agus

(o) measúnú foriomlán ar na costais agus na tairbhí a bhaineann leis an gcóras píolótach dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus moladh maidir le cibé ar cheart leanúint ar aghaidh leis an gcóras píolótach seo agus cé na coinníollacha ba cheart a bheith ann.

2. Ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear i mír 1, laistigh de thrí mhí ón tuarascáil sin a fháil, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Beidh sa tuarascáil ón gCoimisiún anailís costais is tairbhe ar cheart maidir leis an gcóras píolótach dá bhforáiltear sa Rialachán seo:

(a) fad a chur léi ar feadh tréimhse breise suas go dtí trí bliana;

(b) cineálacha eile ionstraim airgeadais a chumhdach leis, arb ionstraimí iad is féidir a eisiúint, a thaifeadadh, a aistriú nó a stóráil agus teicneolaíocht mórleabhar dáilte á húsáid;

(c) é a leasú;

(d) é a dhéanamh buan trí leasuithe iomchuí ar reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais; nó

(e) é a fhoirceannadh, lena n-áirítear na ceadanna sonracha go léir arna ndeonú faoin Rialachán seo;

Ina thuarascáil, féadfaidh an Coimisiún aon leasú iomchuí ar reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais nó ar chomhchuibhiú dlíthe náisiúnta a mholadh lena n-éascófaí úsáid na teicneolaíochta mórleabhar dáilte san earnáil airgeadais chomh maith le húsáid aon bheart a bhfuil gá leis chun bonneagair mhargaidh DLT a aistriú ón gcóras píolótach dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

I gcás ina gcuirfear síneadh leis an gcóras píolótach seo ar feadh tréimhse breise dá bhforáiltearsa chéad fhomhír, pointe (a), den mhír seo, iarrfaidh an Coimisiún ar ESMA tuarascáil bhreise a thíolacadh i gcomhréir le mír 1 tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh na tréimhse fadaithe. Tar éis dó an tuarascáil sin a fháil ó ESMA, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhreise faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i gcomhréir leis an mír seo.

*Airteagal 15*

*Tuarascálacha eatramhacha*

Foilseoidh ESMA tuarascálacha eatramhacha bliantúla chun faisnéis a sholáthar do rannpháirtithe sa mhargadh maidir le feidhmiú na margaí, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar iompar mícheart oibreoirí bhonneagair margaidh DLT chun soiléirithe a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus chun táscairí a tugadh roimhe sin a thabhairt cothrom le dáta bunaithe ar fhorbairt teicneolaíochta mórleabhar dáilte. Cuirfear tuairisc fhoriomlán ar fáil sna tuarascálacha sin ar chur i bhfeidhm an chórais phíolótaigh dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ina ndíreofar ar threochtaí agus rioscaí atá ag teacht chun cinn agus cuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin iad. Foilseofar an chéad tuarascáil den sórt sin faoi ... [12 mhí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].

*Airteagal 16*

*Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014*

In Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Má chinneann an Coimisiún nach gá díorthaigh a thrádáiltear ar mhalartán a eisiamh ó raon feidhme Airteagail 35 agus 36 i gcomhréir le hAirteagal 52(12), féadfaidh CCP nó ionad trádála, roimh ... [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], iarratas a dhéanamh chuig a údarás inniúil ar chead leas a bhaint as socruithe idirthréimhseacha. Féadfaidh an t-údarás inniúil, agus na rioscaí d'fheidhmiú ordúil CCP ábhartha nó an ionaid trádála a eascraíonn as cur i bhfeidhm na gceart rochtana faoi Airteagal 35 nó faoi Airteagal 36 maidir le díorthaigh a thrádáiltear ar mhalartán á gcur san áireamh, a chinneadh nach bhfuil feidhm ag Airteagal 35 nó Airteagal 36 maidir le CCP ábhartha nó leis an ionad trádála, faoi seach, maidir le díorthaigh a thrádáiltear ar mhalartán, ar feadh idirthréimhse go dtí an 3 Iúil 2023. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás inniúil idirthréimhse den sórt sin a fhormheas, ní bhainfidh CCP ná an t-ionad trádála leas as na cearta rochtana faoi Airteagal 35 nó faoi Airteagal 36 maidir le díorthaigh a thrádáiltear ar mhalartán ar feadh thréimhse na hidirthréimhse. Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra do ESMA agus, i gcás CCP, do choláiste na n-údarás inniúil do CCP den sórt sin, ón uair a fhormheasann sé idirthréimhse.'.

*Airteagal 17*

*Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014*

In Airteagal 76(5) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Beidh feidhm ag gach ceann de na bearta maidir le haraíonacht socraíochta dá dtagraítear in Airteagal 7(1) go (13) ón dáta chur i bhfeidhm a shonraítear do gach beart araíonachta socraíochta sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 7(15).'.

*Airteagal 18*

*Leasuithe ar Threoir 2014/65/AE*

Leasaítear Treoir 2014/65/AE mar a leanas:

(1) in Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (15):

'(15) ciallaíonn 'ionstraim airgeadais' na hionstraimí a shonraítear i Roinn C d'Iarscríbhinn I, lena n-áirítear ionstraimí den sórt sin a eisítear trí theicneolaíocht mórleabhar dáilte;';

(2) in Airteagal 93, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'3a. Faoin ... [dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], glacfaidh na Ballstáit na forálacha is gá chun pointe (15) d'Airteagal 4(1) a chomhlíonadh agus foilseoidh siad na forálacha sin agus cuirfidh siad in iúl don Choimisiún iad. Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ó ... [dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, maidir leis na Ballstáit nach féidir leo na forálacha is gá a ghlacadh chun pointe (15) d'Airteagal 4(1) a chomhlíonadh faoin ... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], de bhrí go mairfidh a nósanna imeachta reachtacha níos mó ná naoi mí, bainfidh siad tairbhe as síneadh sé mhí ar a mhéad ó ... [dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], ar choinníoll go dtabharfaidh siad fógra don Choimisiún gur gá dóibh úsáid a bhaint as an síneadh sin faoi ... [dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].'.

*Airteagal 19*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón … [9 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cé is moite den mhéid seo a leanas:

   (a) Airteagail 8(5), 9(5), 10(6) agus 17, a mbeidh feidhm acu ó ... [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]; agus

   (b) Airteagal 16, a mbeidh feidhm aige ón 4 Iúil 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna déanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*